



**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0412(COD)**

**CODEC 1580
JAI 949
COPEN 331
DROIPEN 147
IA 295
PE 122**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta - An toradh ar chéad léamh Parlaimint na hEorpa, (Strasbourg, 1 go 4 Deireadh Fómhair 2018)

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socrúithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh, agus dá réir sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

Dá bhrí sin, chuir an rapóirtéir, Nathalie GRIESBECK (ALDE, FR), leasú comhréitigh (leasú 145) ar an togra le haghaidh Rialacháin i láthair thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

Ina theannta sin, thíolaic an grúpa polaitiúil EFDD leasú (leasú 146).

II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach an leasú comhréitigh (leasú 145) ar an togra le haghaidh rialacháin ag an vóta a caitheadh ar an 4 Deireadh Fómhair 2018 . Níor glacadh leasuithe ar bith eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo².

Léirítear le seasamh na Parlaiminte an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhorghnó.

Ansin, ghlacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

² I dtaca leis an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach, rinneadh na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a cuireadh ar an togra ón gCoimisiún a mharcáil ann. Is le **cló trom agus cló iodálacha** léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scríosadh leis an tsiombail "■".

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2018 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus coigistíochta (COM(2016)0819 – C8-0002/2017 – 2016/0412(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0819),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 82(1), an dara fómhír, pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Parlaimint na hEorpa (C8-0002/2017),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Seanad na Seice, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorpheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 20 Meitheamh 2018 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhorpheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A8-0001/2018),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P8_TC1-COD(2016)0412

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Deireadh Fómhair 2018 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2018.

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá sé leagtha amach mar chuspóir dó féin ag an Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chothabháil agus a fhorbairt.
- (2) Tá comhar breithiúnach in ábhair choiriúla san Aontas bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha, a dtugtar an bunchloch don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla laistigh den Aontas air go coitianta ón tráth ar tionóladh an cruinniú den Chomhairle Eorpach in Tampere an 15 agus 16 Deireadh Fómhair 1999.
- (3) Meastar ionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a *chalcadh* agus a choigistiú a bheith ar na bealaí is éifeachtaí chun an choireacht a chomhrac. Is de thiomantas ■ an Aontais a áirithiú go ndéantar sócmhainní coiriúla a shainaithint, a choigistiú, agus a athúsáid ar bhealach níos éifeachtaí *i gcomhréir le "Clár Stócólm - Eoraip atá oscailte slán, a fhreastalaíonn ar shaoránaigh agus a thugann cosaint dóibh"*⁴.

⁴ IO C 115, 4.5.2010, lch. 1.

- (4) Ós rud é gur coireacht thrasnáisiúnta a bhíonn sa choireacht go minic, tá comhar éifeachtach trasteorann fíor-riachtanach d'fhonn ionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú.
- (5) Is iad *Cinntí Réime 2003/577/CGB*⁵ agus *2006/783/CGB* ón gComhairle⁶ is bonn do chreat dlíthiúil reatha an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach d'orduithe caltha agus d'orduithe coigistíochta.
- (6) Léiríonn tuarascálacha an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Chinneadh Réime 2003/577/CGB agus Chinneadh Réime 2006/783/CGB nach bhfuil an córas atá ann faoi láthair maidir le haitheantas frithpháirteach d'orduithe caltha agus d'orduithe coigistíochta lánéifeachtach. Níor cuireadh na Cinntí Réime sin chun feidhme agus i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit, rud a fhágann nach leor an t-aitheantas frithpháirteach *agus go bhfuil comhar trasteorann fo-optamach ann*.

⁵ *Cinneadh Réime 2003/577/CGB an 22 Iúil 2003 ón gComhairle maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a chalcadh* (IO L 196, 2.8.2003, lch. 45).

⁶ *Cinneadh Réime 2006/783/CGB an 6 Deireadh Fómhair 2006 ón gComhairle maidir le feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le horduithe coigistíochta* (IO L 328, 24.11.2006, lch. 59).

- (7) Níor fhan creat dlíthiúil an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach d'*orduithe* calctha agus d'orduithe coigistíochta bord ar bhord leis na forbairtí reachtacha a rinneadh le gairid ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, le Treoir 2014/42/AE *ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*⁷, bunaítear comhrialacha íosta maidir le maoin a chalcadh agus a choigistiú. Baineann na rialacha íosta sin le ionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a choigistiú, lena n-áirítear sna *cásanna* breoiteachta *nó* éalú an duine a bhfuil amhras faoi nó an cúisí, nó i gcásanna ina bhfuiltear tar éis imeachtaí a thionscnamh *cheana féin* i ndáil le cion coiriúil, coigistiú leathnaithe agus coigistiú ó thríú páirtí. Baineann na rialacha íosta sin freisin le maoin a chalcadh ionas go mbeifear in ann í a choigistiú ina dhiaidh sin. Ba cheart na cineálacha ordaithe do *calctha agus do* choigistithe ■ a chumhdaítear leis an Treoir sin a chur san áireamh sa chreat dlíthiúil maidir le haitheantas frithpháirteach freisin.

⁷ Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39).

- (8) Agus Treoir 2014/42/AE á glacadh acu, chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl *i ndearbhú* uathu go mbíonn nasc bunúsach idir córas caltha agus coigistithe éifeachtach san **A**ontas agus aitheantas frithpháirteach dea-fheidhmiúil d'*orduithe* caltha agus d'orduithe coigistíochta. Agus aird acu ar an ngá atá le córas cuimsitheach *a bhunú* chun fáltais ón gcoireacht agus ionstraimeachtaí na coireachta a chalcadh agus a choigistiú, d'iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh maidir le haitheantas frithpháirteach d'*orduithe* caltha agus d'orduithe coigistíochta.
- (9) Ina *theachtaireacht an 28 Aibreán 2015 dar teideal "An Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil"*, bhí an Coimisiún den tuairim go mbíonn comhar breithiúnach in ábhair choiriúla ag brath ar ionstraimí éifeachtacha trasteorann agus go mbíonn an t-aitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha ar phríomhghné den chreat slándála. Mheabhraigh an Coimisiún freisin gur gá an t-aitheantas frithpháirteach maidir le *horduithe* caltha agus le horduithe coigistíochta a fheabhsú.

- (10) Ina *theachtaireacht an 2 Feabhra 2016* i ndáil le "Plean Gníomhaíochta maidir leis an gcomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú", chuir an Coimisiún béim ar an ngá go n-áiritheofaí go mbainfear a sócmhainní de choirpigh a mhaoiníonn an sceimhlitheoireacht. Luaigh an Coimisiún, d'fhonn gníomhaíochtaí coiriúla eagraithe a mhaoiníonn sceimhlitheoireacht a shuaitheadh, go bhfuil sé fíor-riachtanach go mbainfí fáiltais na coireachta de na coirpigh sin. Chuige sin, chuir an Coimisiún in iúl gur gá a áirithiú go ndéanfar gach cineál orduithe calctha agus *orduithe* coigistíochta a fhorfheidmhiú a mhéid is féidir ar fud an Aontais trí phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm.
- (11) Chun an t-aitheantas frithpháirteach éifeachtach d'*orduithe* calctha agus d'orduithe coigistíochta a áirithiú, ba cheart na rialacha maidir le haithint agus forghníomhú na n-orduithe sin a bhunú le gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a bheidh infheidhme go díreach.

- (12) Tá sé tábhachtach aithint fhrithpháirteach agus forghníomhú orduithe calctha agus *orduithe* coigistíochta a éascú trí rialacha a bhunú, ar rialacha iad *lena gcuirtear de cheangal* ar Bhallstát orduithe calctha agus *orduithe* coigistíochta arna n-eisiúint ag Ballstát eile faoi chuimsiú ■ imeachtaí in ábhair choiriúla a aithint *gan foirmiúlachtaí breise* agus *na horduithe sin a fhorghníomhú laistigh dá limistéar féin*.

(13) Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach *ordú calctha agus gach* ordú coigistíochta *arna eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí in ábhair coiriúla. Is coincheap uathrialach de chuid dlí an Aontais é 'imeachtaí in ábhair coiriúla' arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, d'ainneoin cásdlí Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. Dá bhrí sin, cumhdaítear leis an téarma sin orduithe calctha agus orduithe coigistíochta den uile chineál a eisítear tar éis imeachtaí i dtaca le cion coiriúil, ní hamháin orduithe a chumhdaítear faoi Threoir 2014/42/AE. Cumhdaítear cineálacha eile orduithe leis *freisin* a eisítear gan ciontú críochnaitheach. . Cé gur féidir nach mbeadh orduithe den chineál sin i gcóras an Bhallstáit, ba cheart an Ballstát sin a bheith in ann ordú den chineál sin a d'eisigh Ballstát eile a aithint agus a fhorghníomhú.. Faoi imeachtaí in ábhair coiriúla, d'fhéadfadh sé go gcuimseofaí imscrúduithe coiriúla a dhéanann na póilíní agus na húdaráis forfheidhmithe dlí eile. Ba cheart orduithe calctha agus orduithe coigistíochta *arna n-eisiúint* faoi chuimsiú *imeachtaí* sibhialta nó riaracháin a eisiú ó raon feidhme an Rialacháin seo.*

- (14) Ba cheart orduithe caltha *agus orduithe coigistíochta* maidir le cionta coiriúla a chumhdaítear ■ le Treoir 2014/42/AE a chumhdach leis an Rialachán seo, chomh maith le horduithe caltha agus le horduithe coigistíochta a bhaineann le cionta coiriúla eile. Níor cheart, mar sin, gur do chionta coiriúla a chumhdaítear leis an Rialachán seo fíor-thromchúiseacha *ag a* mbíonn gné trasteorann a theorannófaí na cionta sin, óir ní cheanglaítear le hAirteagal 82 den *Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)* teorainn ■ den sórt sin maidir le haitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais in ábhair choiriúla.

- (15) Maidir le comhar na mBallstát, *ar comhar é* atá bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus an fhorghníomhaithe láithrigh i dtaca le cinntí breithiúnacha, glactar leis go mbíonn muinín ag na Ballstáit gur i gcomhréir le prionsabail na dlíthiúlachta, na coimhdeachta agus na comhréireachta a ghlacfar gach cinneadh a bheidh le haithint agus le forghníomhú. Maidir le comhar den chineál sin glactar leis freisin gur cheart cearta daoine *dá ndéanann ordú caltha nó ordú coigistíochta difear a chaomhnú. Ba cheart a áireamh ar na daoine sin dá ndéantar difear, a d'fhéadfadh a bheith ina ndaoine nádúrtha nó ina ndaoine dlítheanacha, aon duine ar eisíodh ordú caltha nó ordú coigistíochta ina éadan nó ina héadan, nó aon duine ar leis nó ar léi an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú sin, chomh maith le haon tríú páirtithe a ndéantar dochar díreach dá gcearta i ndáil leis an maoin sin, lena n-áirítear tríú páirtithe bona fide. Maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dochar díreach á dhéanamh ag ordú caltha nó ordú coigistíochta do thríú páirtithe den chineál sin, ba cheart an méid sin a chinneadh i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaithigh.*

- (16) Leis an Rialachán seo ní dhéantar aon leasú ar an oibleagáid maidir le cearta bunúsacha agus prionsabail dlí a urramú, mar atá cumhdaithe in Airteagal 6 den *Chonradh ar an Aontas Eorpach* (CAE).
- (17) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a dtugtar aitheantas dóibh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt") agus sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ("CECD"). *Áirítear leis sin an prionsabal i ndáil le toirmeasc a chur ar aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, bunús eitneach nó ciníoch, creideamh, claonadh gnéasach, náisiúntacht, teanga, tuairim pholaitiúil, nó míchumas.* Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

- (18) *Ba cheart feidhm a bheith ag na cearta nós imeachta a leagtar amach i dTreoracha 2010/61/AE⁸, 2012/13/AE⁹, 2013/48/AE¹⁰, (AE) 2016/343¹¹, (AE) 2016/800¹² agus (AE) 2016/1919¹³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, laistigh de raon feidhme na dTreoracha sin, i ndáil le himeachtaí coiriúla a chumhdaítear leis an Rialachán seo i dtaca leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag na Treoracha sin. I gcás ar bith, ba cheart feidhm a bheith ag na cosaintí faoin gCairt i ndáil leis na himeachtaí go léir a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Go háirithe, ba cheart feidhm a bheith ag cosaintí bunriachtanacha na n-imeachtaí coiriúla a leagtar amach sa Chairt in imeachtaí in ábhair choiriúla nach imeachtaí coiriúla iad ach a chumhdaítear leis an Rialachán seo.*

-
- ⁸ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).
- ⁹ Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).
- ¹⁰ *Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas ar chailleadh saoirse agus chun dul i dteagmháil le tríú páirtithe agus le húdaráis chonsalacha i gcás cailte saoirse. (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).*
- ¹¹ *Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart bheith i láthair in imeachtaí coiriúla a neartú (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).*
- ¹² Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).
- ¹³ *Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).*

- (19) Cé gur cheart a áirithiú leis na rialacha ■ maidir le tarchur, le haithint agus le forghníomhú orduithe calctha agus orduithe coigistíochta go mbeidh an próiseas a bhaineann le haisghabháil sócmhainní coiriúla éifeachtúil, *ní mór cearta bunúsacha a urramú ag an am céanna.*
- (20) *Agus measúnú á dhéanamh ar choireacht dhúbailte, ba cheart d'údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh a fhíorú cé acu a bheadh nó nach mbeadh na gnéithe fíorasacha ba bhonn leis an gcion coiriúil i gceist, mar a léirítear sa deimhniú calctha nó sa deimhniú coigistíochta arna thíolacadh ag údarás inniúil an Stáit eisiúna, faoi réir, per se, pionós coiriúil sa Stát forghníomhaitheach dá mb'amhlaidh go raibh na gnéithe sin láthair Bhallstát sin tráth déanta an chinnidh maidir leis an t-ordú calctha nó an t-ordú coigistíochta a aithint.*

(21) *Ba cheart don údarás eisiúna a áirithiú, agus ordú caltha nó ordú coigistíochta á eisiúint aige, go ndéanfar prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a urramú. Faoin Rialachán seo, níor cheart ordú caltha nó ordú coigistíochta a eisiúint agus a tharchur chuig údarás forghníomhaitheach i mBallstát eile ach amháin i gcás ina bhféadfaí é a eisiúint agus a úsáid i gcás intíre agus sa chás sin amháin. Ba cheart don údarás eisiúna a bheith freagrach as riachtanas agus comhréireacht orduithe den sórt sin i ngach cás, toisc nár cheart aithint agus forghníomhú orduithe caltha agus coigistíochta a dhiúltú ar fhorais seachas iad siúd dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*

- (22) *Ba cheart do Bhallstáit bheith in ann dearbhú a dhéanamh ina ndeirtear gur gá don údarás eisiúna an deimhniú caltha bunaidh nó an deimhniú coigistíochta bunaidh nó cóip dheimhnithe de a tharchur, i dteannta an deimhnithe caltha nó an deimhnithe coigistíochta, i gcás ina dtarchuirtear deimhniú caltha nó deimhniú coigistíochta chucu chun go ndéanfaí ordú caltha nó ordú coigistíochta a shainaithint agus a fhorghníomhú. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas nuair a thíolacann siad, nó nuair a tharraingíonn siad siar, dearbhú den sórt sin. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis a chur ar fáil do na Ballstáit go léir agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach (EJN) dá bhforáiltear le Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle¹⁴. Ba cheart do EJN an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear sa Chinneadh sin.*
- (23) *I roinnt cásanna, féadfaidh údarás arna ainmniú ag an mBallstát eisiúna, ordú caltha a eisiúint, ar údarás é atá inniúil in ábhair choiriúla chun an t-ordú caltha a eisiúint nó a fhorghníomhú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus nach breitheamh, cúirt nó ionchúisitheoir poiblí é. I gcásanna den sórt sin, ba cheart go ndéanfadh breitheamh, cúirt nó ionchúisitheoir poiblí an t-ordú caltha a bhailíochtú sara dtarchuirfear chuig an údarás forghníomhaitheach é.*

¹⁴ *Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (OI L 348, 24.12.2008, lch. 130).*

- (24) *Ba cheart don údarás eisiúna deimhniú caltha nó deimhniú coigistíochta, mar aon leis an ordú caltha nó leis an ordú coigistíochtaí gcás inab infheidhme, a tharchur go díreach chuig an údarás forghníomhaitheach nó chuig údarás lárnach an Stáit fhorghníomhaithigh, de réir mar is infheidhme, trí mheán ar bith lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha a fhágfaidh gur féidir leis an údarás forghníomhaitheach barántúlacht a dheimhniú, amhail tríd an bpost cláraithe nó trí ríomhphost daingnithe. Ba cheart don údarás eisiúna a bheith in ann úsáid a bhaint as aon mhodh ábhartha traschurtha, lena n-áirítear córas slán teileachumarsáide an EJN, Eurojust, nó bealaí eile a mbaineann údaráis bhreithiúnacha úsáid astu.*

(25) *I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an údarás eisiúna lena chreidiúint gur ann atá maoin nó ioncam ag an duine ar ina choinne nó ina coinne a eisíodh an t-ordú calctha nó an t-ordú coigistíochta, ba cheart don údarás sin an deimhniú calctha nó an deimhniú coigistíochta, a bhaineann le hordú maidir le suim airgid, a tharchur chuig an mBallstát sin. Ar an mbonn sin, d'fhéadfaí an deimhniú, mar shampla, a tharchur chuig an mBallstát ina bhfuil cónaí ar an duine nádúrtha ar eisíodh an t-ordú ina choinne nó ina coinne, nó, sa chás nach bhfuil seoladh buan nó socraithe ag an duine sin, chuig an mBallstát inar gnách leis cur faoi. I gcás ina n-eisíodh an deimhniú i gcoinne duine dlítheanach, d'fhéadfaí an deimhniú a tharchur chuig an mBallstát ina bhfuil sainchónaí ar an duine dlítheanach sin.*

(26) *I bhfianaise deimhnithe a bhaineann le tarchur agus glacadh riarthach na ndeimhnithe a bhaineann le horduithe caltha agus le horduithe coigistíochta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann údarás lárnach amháin nó níos mó a ainmniú i gcás inar gá mar gheall ar struchtúr a gcórais dlí inmheánaigh. D'fhéadfadh údaráis lárnacha den chineál sin tacaíocht riaracháin a chur ar fáil freisin, ról comhordaithe a ghlacadh agus cabhrú chun staidreamh a bhailiú agus ar an mbealach sin aitheantas frithpháirteach d'orduithe caltha agus d'orduithe coigistíochta a éascú agus a chur chun cinn.*

(27) *I gcás ina dtarchuirtear deimhniú coigistíochta a bhaineann le hordú coigistíochta maidir le suim airgid chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin, ba cheart don Stát eisiúna féachaint le gan níos mó maoin a choigistiú ná mar a bheadh riachtanach ionas nach rachadh an luach iomlán os cionn an mhéid uasta. Chuige sin, ba cheart don údarás forghníomhaitheach, i measc nithe eile, (i) a léiriú sa deimhniú coigistíochta luach na sócmhainní, más eol, i ngach Stát forghníomhaitheach, ionas go bhféadfaidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha é sin a chur san áireamh; (ii) na teagmhálacha agus an t-idirphlé is gá a choinneáil leis na húdaráis fhorghníomhaitheacha maidir leis an maoin atá le coigistiú; agus (iii) a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach ábhartha nó do na húdaráis fhorghníomhaitheacha ábhartha láithreach má mheasann sé go bhféadfadh riosca a bheith ann go dtarlódh forghníomhú a rachadh os cionn an uasmhéid. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh Eurojust ról comhordaithe a fheidhmiú laistigh dá shainchúram d'fhonn coigistiú iomarcach a sheachaint.*

- (28) *Ba cheart Ballstáit a spreagadh chun dearbhú a dhéanamh ina luaitear go nglacfaidís, mar Stáit fhorghníomhaitheacha, le deimhnithe calctha, le deimhnithe coigistíochta nó leis an dá rud i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais seachas a dteanga oifigiúil ná a dteangacha oifigiúla féin.*
- (29) Ba cheart don údarás forghníomhaitheach *orduithe calctha agus* orduithe coigistíochta a aithint agus ba cheart dó na *bearta* is gá a ghlacadh lena bhforfheidhmiú. Ní mór an cinneadh a dhéanamh maidir leis *an ordú calctha nó* leis an ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú agus an *calcadh nó* an choigistíocht a chur i gcrích leis an *luas* agus leis an tosaíocht chéanna le *cásanna* intíre den chineál céanna. **■** *Ba cheart teorainneacha ama a ríomh i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle¹⁵*, agus iad a leagan amach, chun cinneadh agus forghníomhú éifeachtúil a áirithiú i dtaca leis an *ordú calctha nó* coigistíochta agus forfheidhmiú tapaigh agus éifeachtach de. *Maidir le horduithe calctha, ba cheart don údarás forghníomhaitheach, tráth nach déanaí ná 48 n-uaire an chloig tar éis an cinneadh a dhéanamh maidir le haithint agus forghníomhú orduithe den sórt sin, tús a chur leis na bearta nithiúla is gá a ghlacadh chun na horduithe sin a aithint agus a fhorghníomhú.*

¹⁵ *Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena sonraítear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).*

- (30) Ba cheart don údarás eisiúna agus don údarás forghníomhaitheach aird chuí a thabhairt ar rúndacht an imscrúdaithe agus ordú caltha á fhorghníomhú. Go sonrach, ba cheart don údarás forghníomhaitheach rúndacht na bhfíricí agus ■ substaint an ordaithe caltha a ráthú. *Ní dochar an méid seo don oibleagáid na daoine dá ndéanann forghníomhú orduithe caltha difear a chur ar an eolas i gcomhréir leis an Rialachán seo.*
- (31) Níor cheart aithint agus forghníomhú ordaithe caltha nó coigistíochta a dhiúltú ar fhorais seachas iad siúd *dá bhforáiltear* sa Rialachán seo. Ba cheart don Rialachán seo a cheadú go bhféadfadh na húdaráis forghníomhaitheacha gan orduithe coigistíochta a aithint ná a fhorghníomhú ar bhonn an *phrionsabail* ■ *ne bis in idem*, *ar bhonn* cearta na ndaoine dá ndéantar difear nó *ar bhonn* an chirt a bheith i láthair ag an triail.

- (32) *Níor cheart don Rialachán seo a cheadú do na húdaraí fhorghníomhaitheacha gan orduithe coigistíochta a aithint nó a fhorghníomhú ar an ábhar nach raibh an duine atá i gceist i láthair ag an triail dár lean ordú coigistíochta atá nasctha le ciontú críochnaitheach. Níor cheart gur foras sin le nach ndéanfar orduithe coigistíochta a aithint nó a fhorghníomhú ach amháin i gcás trialacha dá leanann orduithe coigistíochta atá nasctha le ciontú críochnaitheach, agus ní bhíonn feidhm aige in imeachtaí ar orduithe coigistíochta is toradh orthu. Mar sin féin, d'fhonn go bhféadfadh feidhm a bheith ag foras mar sin, ba cheart éisteacht amháin, ar a laghad, a thionól. Ní fhéadann an foras a bheith i bhfeidhm mura ndéantar foráil maidir le héisteacht a bheith ann sna rialacha náisiúnta níos imeachta ábhartha. Ba cheart do rialacha náisiúnta den sórt sin an Chairt agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh, go háirithe maidir leis an gceart chun triail chóir a fháil. Is amhlaidh atá an scéal, mar shampla, i gcás ina ndéantar na himeachtaí, go hiomlán nó go páirteach, ar bhealach simplithe i ndiaidh níos imeachta i scríbhinn nó níos imeachta nach bhforáiltear éisteacht ina leith.*
- (33) *In imthosca eisceachtúla, ba cheart a bheith in ann gan ordú calctha nó ordú coigistíochta a aithint ná a fhorghníomhú, i gcás ina gcuirfeadh aithint nó fhorghníomhú den chineál sin cosc ar an Stát fhorghníomhaitheach a chuid rialacha bunreachtúla a chur i bhfeidhm maidir le saoirse an phreasa nó saoirse cainte sna meáin eile.*

(34) *Maidir le limistéar saoirse slándála agus ceartais a chruthú laistigh den Aontas, tá an méid sin bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar thoimhde i dtaca leis na Ballstáit eile do chomhlíonadh dlí an Aontais agus, go háirithe, cearta bunúsacha. Mar sin féin, i dtosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil forais shuntasacha le creidiúint, ar bhonn fianaise iontaofa, oibiachtúil, shonrach agus nuashonraithe i gceart, go mbeadh sárú soiléir ar oibleagáidí an Stáit fhorghníomhaigh i gcomhréir leis an gCairt, mar thoradh ar fhorghníomhú ordaithe calctha nó ordaithe coigistíochta, in imthosca áirithe an cháis, ba cheart don údarás forghníomhaitheach a bheith in ann a chinneadh gan an t-ord lena mbaineann a aithint nó a fhorghníomhú. Is iad na cearta bunúsacha ba cheart a bheith ábhartha i ndáil leis sin, go háirithe, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, an ceart chun triail chóir a fháil agus an ceart chun cosanta. Níor cheart an ceart chun maoinne a bheith ábhartha i bprionsabal, toisc gur gá go gciallófaí, le calcadh agus coigistiú sócmhainní, go gcuirtear isteach ar cheart an duine chun maoinne agus toisc go bhforáiltear cheana féin, i ndlí an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán seo, do na coimircí is gá ina leith sin.*

- (35) *Sula ndéanann sé cinneadh gan ordú calctha nó ordú coigistíochta a aithint nó a fhorghníomhú ar bhonn foras do neamhaithint nó do neamhforghníomhú, ba cheart don údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna chun aon fhaisnéis bhreise is gá a fháil.*
- (36) *Agus iarraidh ón údarás forghníomhaitheach chun teorainn a chur leis an tréimhse is ceart an mhaoin a chalcadh á scrúdú ag an údarás eisiúna, ba cheart dó imthosca iomlána an cháis a chur san áireamh, go háirithe an bhféadfaí dochar gan údar a dhéanamh sa Stát forghníomhaitheach dá leanfaí leis an ordú calctha. Moltar go láidir don údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir leis an tsaincheist sin roimh iarraidh fhoirmiúil a dhéanamh.*
- (37) *Ba cheart don údarás eisiúna a chur in iúl d'údarás forghníomhaitheach nuair a fhaigheann údarás de chuid an Stáit eisiúna aon suim airgid a d'íoc an duine lena mbaineann i dtaca leis an ordú coigistíochta, agus é le tuiscint nár cheart an Stát forghníomhaitheach a chur ar an eolas ach i gcás go mbeidh tionchar ag an méid a íoctar i leith an ordaithe ar an méid atá fós le híoc ba cheart a choigistiú de bhun an ordaithe.*

- (38) Ba cheart go bhféadfadh an t-údarás forghníomhaitheach forghníomhú **ordaithe** caltha nó coigistíochta a chur siar, *go háirithe* más baol go bhféadfaí díobháil a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil leanúnach dá ndéanfaí é a fhorghníomhú. A luaithe *a scoirfidh na forais* lena chur siar *de bheith ann* **,** ba cheart don údarás forghníomhaitheach *na bearta* is gá a dhéanamh chun an t-ordú *a fhorghníomhú*.
- (39) *Tar éis ordú caltha a fhorghníomhú agus tar éis an chinnidh ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú, ba cheart don údarás forghníomhaitheach, a mhéid is féidir, na daoine sin dá ndéantar difear agus is eol dó a chur ar an eolas faoin bhforghníomhú sin nó faoin gcinneadh sin. Chuige sin, ba cheart don údarás forghníomhaitheach gach iarracht réasúnach a dhéanamh cé hiad na daoine dá ndéantar difear leis a aithint, a fhíorú conas is féidir dul i dteagmháil leo, agus na daoine sin a chur ar an eolas faoi fhorghníomhú an ordaithe caltha nó an chinnidh go ndéanfar an t-ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú. Agus na hoibleagáidí sin á gcur i gcrích aige, d'fhéadfadh an t-údarás forghníomhaitheach cúnamh a iarraidh ar an údarás eisiúna, mar shampla i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil na daoine dá ndéantar difear ina gcónaí sa Stát eisiúna. An oibleagáid faoin Rialachán seo atá ar an údarás forghníomhaitheach faisnéis a chur ar fáil do na daoine dá ndéantar difear, ní dochar í d'aon oibleagáid atá ar an údarás eisiúna faisnéis a chur ar fáil do dhaoine faoi dhlí an Stáit eisiúna, mar shampla maidir le hordú caltha a eisiúint nó maidir le réitigh dhlíthiúla atá ann cheana faoi dhlí an Stáit eisiúna.*

- (40) Ba cheart fógra a thabhairt don údarás eisiúna gan mhoill *i gcás nach féidir* ordú calctha nó ordú coigistíochta a fhorghníomhú. D'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann ordú a fhorghníomhú *toisc* gur coigistíodh an mhaoín cheana, go bhfuil sí ar iarraidh, *gur díothaíodh í* nó nach féidir teacht uirthi san áit a shonraigh an t-údarás eisiúna, nó *toisc* nach ndearnadh an áit a bhfuil an mhaoín a shonrú ar bhealach sách beacht *d'ainneoin comhairliúcháin idir an t-údarás forghníomhaitheach agus an t-údarás eisiúna. Sna himthosca sin, níor cheart an t-údarás forghníomhaitheach a bheith faoin oibleagáid a thuilleadh an t-ordú calctha a fhorghníomhú. Mar sin féin, má fhaigheann an t-údarás forghníomhaitheach faisnéis ina dhiaidh sin a chuireann ar a chumas an mhaoín a aimsiú, ba cheart dó a bheith in ann an deimhniú coigistíochta a fhorghníomhú gan gá a bheith le deimhniú nua a thraschur, i gcomhréir leis an Rialachán seo.*
- (41) *I gcás nach féidir, ó thaobh dlí an Stáit forghníomhaithigh de, forghníomhú orduithe calctha nó ordaithe coigistíochta a dhéanamh ó thaobh dlí de, ba cheart don údarás forghníomhaitheach dul i dteagmháil leis an údarás eisiúna chun an staid a phlé agus teacht ar réiteach. Réiteach amháin ab ea go ndéanfadh an t-údarás eisiúna an t-ordú sin a tharraingt siar.*

- (42) *A luaithe a chuirtear forghníomhú ordaithe i gcrích, ba cheart don údarás forghníomhaitheach é sin a chur in iúl don údarás eisiúna. Agus sin á dhéanamh aige, agus i gcás inar féidir sin go praiticiúil, ba cheart don údarás forghníomhaitheach a chur in iúl, ag an am sin, d'údarás eisiúna na maoiné nó an méid airgid a coigistíodh, mar aon le mionsonraí eile is ábhartha, dar leis.*
- (43) Ba cheart forghníomhú an ordaithe coigistíochta *nó an ordaithe calctha* a bheith faoi rialú dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh agus ba cheart a gurb iad na húdaráis de chuid an Stáit sin amháin a bheadh inniúil chun cinneadh a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh a fhorghníomhaithe. *I gcás inarb iomchuí, ba cheart don údarás eisiúna agus forghníomhaithigh iarraidh ar Eurojust nó ar EJM cúnaimh a chur ar fáil, laistigh dá sainordú, maidir le saincheisteanna a bhaineann le forghníomhú ordaithe calctha agus ordaithe coigistíochta.*
- (44) Éilíonn feidhmiú a cuí an Rialacháin seo dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla atá i gceist, go háirithe i gcásanna a bhaineann le hordú coigistíochta a fhorghníomhú go comhuaineach i níos mó ná Ballstát amháin. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta dul i gcomhairle le chéile nuair is gá, *go díreach nó, i gcás inarb iomchuí, trí Eurojust nó EJM.*

- (45) Níor cheart dochar a dhéanamh do cheart an íospartaigh chun aiseag agus cúiteamh a fháil i gcásanna trasteorann. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do chúiteamh *íospartach* agus d'aiseag a gcuid maoiné i rialacha maidir le diúscairt maoiné *calctha* nó coigistithe. *Tá coincheap an íospartaigh le léiriú i gcomhréir le dlí an Stáit eisiúna, ar cheart a bheith in ann foráil a dhéanamh leis an dlí sin, freisin, go bhféadfadh duine dlítheanach a bheith ina íospartach chun críche an Rialacháin seo. Ba cheart nár dhochar an Rialachán seo do na rialacha maidir le maoin a chúiteamh agus a aiseag le híospartaigh i nósanna imeachta náisiúnta.*

(46) *I gcás ina ndéantar an t-údarás forghníomhaitheach a chur ar an eolas faoi chinneadh a d'eisigh an t-údarás eisiúna nó údarás inniúil eile sa Stát eisiúna, chun an mhaoín chalctha a aiseag leis an íospartach, ba cheart don údarás forghníomhaitheach gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an mhaoín lena mbaineann a chalcadh agus a aiseag leis an íospartach a luaithe is féidir. Ba cheart an t-údarás forghníomhaitheach a bheith in ann an mhaoín a aistriú chuig an Stát eisiúna, ionas go mbeadh an Stát sin in ann an mhaoín a aiseag don íospartach, nó an mhaoín a aistriú go díreach chuig an íospartach, faoi réir thoiliú an Stáit eisiúna. Ba cheart go mbeadh an oibleagáid maidir leis an mhaoín chalctha a aiseag don íospartach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: níor cheart teideal an íospartaigh i leith na maoinne a bheith faoi chonspóid, is é sin le rá, go nglactar leis gurb é an t-íospartach úinéir dlisteanach na maoinne, agus nach ann d'aon éilimh ar fiú trácht orthu chun sin a tharraingt anuas; níor cheart an mhaoín a bheith ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí coiriúla sa Stát forghníomhaitheach; Agus (III) níor cheart go ndéanfaí dochar do chearta na ndaoine dá ndéantar difear, go háirithe cearta na tríú páirtithe bona fide. Níor cheart don údarás forghníomhaitheach an mhaoín chalctha a aiseag don íospartach ach i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo. I gcás ina measann an t-údarás forghníomhaitheach nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, ba cheart dó dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna, mar shampla, chun aon fhaisnéis bhreise a iarraidh nó chun plé a dhéanamh ar an staid sin d'fhonn teacht ar réiteach. Mura féidir teacht ar réiteach, ba cheart don údarás forghníomhaitheach a chinneadh gan an mhaoín chalctha a aiseag don íospartach.*

- (47) *Ba cheart do gach Ballstát smaoineamh ar oifig náisiúnta láraithe a bhunú a bheadh freagrach as bainistiú maoine calctha chun go bhféadfaí an mhaoín sin a choigistiú ar ball, agus as bainistiú na maoine a coigistíodh. Ba cheart maoín chalctha agus maoín choigistithe a chur ar leataobh mar ábhar tosaíochta le haghaidh tionscadail forfheidhmithe dlí, tionscadail chun cóir eagraithe a chosc agus tionscadail eile leasa phoiblí agus shóisialta.*
- (48) *Ba cheart do gach Ballstát smaoineamh ar chiste náisiúnta a bhunú chun cúiteamh leordhóthanach a rathú d'íospartaigh na coireachta, amhail teaghlaigh póilíní agus státseirbhísigh a maraíodh nó a míchumasaíodh agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu. Ba cheart do na Ballstáit cion de shócmhainní coigistithe a chur ar leataobh chun na críche sin.*
- (49) Níor cheart do Bhallstáit a bheith in ann cúiteamh as na chostais a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a éileamh ó chéile. Mar sin féin, i gcás inar *thabhaigh* an Stát forghníomhaitheach costais mhóra nó eisceachtúla, *i gcás an mhaoín a bheith calctha ar feadh tréimhse nach gearr, mar shampla*, ba cheart don údarás eisiúna aird a thabhairt ar aon mholadh ón údarás forghníomhaitheach go ndéanfaí na costais a roinnt.

- (50) *D'fhonn a bheith in ann aghaidh a thabhairt feasta, chomh tapa agus is féidir, ar fhadhbanna sa todhchaí a sainaithníodh maidir le hinneachar an deimhnithe a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasuithe ar na deimhnithe sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁶. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.*
- (51) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon aitheantas frithpháirteach d'orduithe caltha agus forghníomhú na n-orduithe a bhaint amach, ach gur fearr, dá bhrí sin, i ngeall ar a fhairsinge agus a éifeachtaí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

¹⁶ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (52) Cuireadh Treoir 2014/41/AE ó *Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*¹⁷ in ionad fhorálacha Chinneadh Réime 2003/577/CGB cheana, *a mhéid a bhaineann le calcadh fianaise do na Ballstáit atá faoi cheangal na Treorach sin*. Ba cheart an Rialachán seo a chur in ionad fhorálacha Chinneadh Réime 2003/577/CGB maidir le calcadh maoinne idir na Ballstáit sin atá faoi cheangal aige. Ba cheart, freisin, an Rialachán seo a chur in ionad Chinneadh Réime 2006/783/CGB idir na Ballstáit atá faoi cheangal aige. *Ba cheart forálacha Chinneadh Réime 2003/577/CGB maidir le calcadh maoinne, mar aon le forálacha Chinneadh Réime 2006/783/CGB, leanúint d'fheidhm a bheith acu dá bhrí sin ní hamháin idir na Ballstáit nach bhfuil faoi cheangal ag an Rialachán seo, ach freisin idir aon Bhallstát nach bhfuil faoi cheangal ag an Rialachán seo agus aon Bhallstát atá faoi cheangal ag an Rialachán seo.*
- (53) *Níor cheart gurbh fhasach é foirm dhlíthiúil an ghnímh seo do ghníomhartha dlí a bheidh ag an Aontas amach anseo i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh ar bhreithiúnais agus ar chinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla. Ba cheart measúnú cúramach a dhéanamh ar fhoirm dhlíthiúil ghníomhartha dlí an Aontais a bheidh ann amach anseo de réir an cháis agus éifeachtacht an ghnímh dlí agus prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta á gcur san áireamh, i measc fachtóirí eile.*

¹⁷ *Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Fianaise Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).*

- (54) *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú i gcomhréir le Cinneadh 2007/845/CGB ón gComhairle¹⁸ go gcomhoibreodh a nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní le chéile chun fáiltas ón gcoireacht agus maoin eile a bhaineann léi a rianú agus a shaináithint, ar fáiltas iad a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar d'ordú caltha nó d'ordú coigistíochta.*
- (55) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis *an limistéar saoirse, slándála agus ceartais*, atá i gceangal leis an CAE agus leis an CFAE, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (56) *I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21*, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

¹⁸ *Cinneadh Réime 2007/845/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát i dtaca le fáltas nó réadmhaoine eile a bhaineann le coireacht a rianú agus a aithint (IO L 332, 18.12.2007, lch. 103).*

(57) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de ■ Phrótacal *Uimh. 22* maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an CAE agus leis an CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ■ agus níl sí ■ faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
ÁBHAR, SAINMHÍNITHE AGUS RAON FEIDHME

Airteagal 1
Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha faoina ndéanfaidh Ballstát *orduithe* calctha agus orduithe coigistíochta, arna n-eisiúint ag Ballstát eile faoi chuimsiú **imeachtaí in ábhair choiriúla**, a aithint agus a fhorghníomhú laistigh dá chríoch féin.
2. Ní hé is éifeacht don Rialachán seo *modhnú a dhéanamh* ar an oibleagáid maidir le cearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha dlí a urramú, a chumhdaítear in Airteagal 6 CAE.
3. *Agus orduithe calctha nó orduithe coigistíochta á n-eisiúint acu, áiritheoidh na húdaráis eisiúna go ndéanfar prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a urramú.*
4. *Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le horduithe calctha agus orduithe coigistíochta arna n-eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí sibhialta nó riaracháin.*

Airteagal 2
Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ***ciallaíonn 'ordú caltha' cinneadh arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás eisiúna d'fhonn díothú, claochlú, bogadh, aistriú nó diúscairt maoin a chosc d'fhonn í a choigistiú ;***
- (2) ciallaíonn 'ordú coigistíochta' pionós nó beart críochnaitheach arna fhorchur ag cúirt tar éis imeachtaí i ndáil le cion coiriúil, a bhfuil mar thoradh air go mbaintear maoin de dhuine nádúrtha nó duine dlítheanach go críochnaitheach;
- (3) ciallaíonn 'maoin' aon sórt maoin, bíodh sí corprach nó neamhchorprach, sochorraithe nó dochorraithe, chomh maith le doiciméid nó ionstraimí dlí lena bhfianaítear teideal ar mhaoin den sórt sin nó leas inti, ina measann an t-údarás eisiúna:
 - (a) gur fáltas ó chion ***coiriúil***, nó a chomhionann, atá sa mhaoin, bíodh ***luach iomlán*** na bhfáltas nó cuid den luach sin i gceist;
 - (b) gur ionstraimeachtaí ciona coiriúil atá sa mhaoin, nó gurb é atá inti luach ionstraimeachtaí den sórt sin;

- (c) go bhfuil an mhaoín *faoi réir* coigistíochta *trí* aon cheann de na cumhachtaí coigistíochta dá bhforáiltear i dTreoir 2014/42/AE a chur i bhfeidhm sa Stát eisiúna; nó
- (d) go bhfuil an mhaoín *faoi réir* coigistíochta faoi aon fhorálacha eile a bhaineann le cumhachtaí coigistíochta, lena n-áirítear coigistiú *gan ciontú críochnaitheach* faoi dhlí an Stáit eisiúna, *tar éis imeachtaí i ndáil le cion coiriúil*;
- (4) ciallaíonn 'fáltais' aon bhuntáiste eacnamaíoch a fhaightear go díreach nó go hindíreach as cion coiriúil ina bhféadfadh maoín de chineál ar bith *a bheith i gceist, lena n-áirítear* aon athinfheistíocht nó claochlú a dhéantar ar fháltais dhíreacha ina dhiaidh sin agus aon tairbhí luachmhara;
- (5) ciallaíonn 'ionstraimeachtaí' aon mhaoín a úsáidtear, nó a bheartaítear a úsáid, ar aon slí, go hiomlán nó go páirteach, chun cion cóiriúil a dhéanamh ■ ;
- (6) ciallaíonn 'Stát eisiúna' an Ballstát ina ndéantar ordú caltha nó ordú coigistíochta a eisiúint ■ ;
- (7) ciallaíonn 'Stát forghníomhaitheach' an Ballstát a ndéantar an t-ordú caltha nó an t-ordú coigistíochta a tharchur chuige, chun é a aithint agus a fhorghníomhú;

(8) ciallaíonn 'údarás eisiúna':

(a) maidir le hordú calctha:

(i) breitheamh, cúirt, ■ nó ionchúisitheoir poiblí inniúil sa chás lena mbaineann; nó

(ii) údarás inniúil *eile arna ainmniú amhlaidh* ag an Stát eisiúna, *agus* a bhfuil inniúlacht aige in ábhair *choiriúla* chun calcadh maoinne a ordú nó chun ordú calctha a fhorghníomhú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, sula ndéanfar é a tharchur chuig an údarás forghníomhaitheach, déanfaidh *breitheamh, cúirt nó ionchúisitheoir poiblí sa Stát eisiúna* an t-ordú calctha a bhailíochtú *tar éis scrúdú a dhéanamh ar* a chomhréireacht leis na coinníollacha faoina n-eisítear ordú den sórt sin faoin Rialachán seo ■. Sa chás go raibh an t-ordú bailíochtaithe ag breitheamh, cúirt nó ionchúisitheoir poiblí, is féidir a mheas gur údarás eisiúna chun críocha *tarchurtha* an ordaithe an t-údarás inniúil eile sin;

(b) maidir le hordú coigistíochta, údarás *arna ainmniú* amhlaidh ag an Stát eisiúna *agus* a bhfuil ■ *inniúlacht* aige in *ábhair* choiriúla chun ordú coigistíochta arna eisiúint ag cúirt a fhorghníomhú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

- (9) ciallaíonn 'údarás forghníomhaitheach' údarás *atá inniúil* chun *ordú calcetha* nó ordú coigistíochta a aithint agus chun forghníomhú an ordaithe a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na nósanna imeachta is infheidhme *faoin dlí náisiúnta maidir le calcadh agus coigistiú maoine; i gcás ina gceanglaíonn nós imeachta den sórt sin go gcláraíonn cúirt an t-ordú agus go n-údaráíonn sí a fhorghníomhú, áirítear ar an údarás forghníomhaitheach an t-údarás atá inniúil chun clárú agus údarú den sórt a iarraidh;*
- (10) *Ciallaíonn 'duine dá ndéantar difear' duine nádúrtha nó dlítheanach ar eisíodh ordú calcetha nó ordú coigistíochta ina choinne nó ina coinne, nó an duine nádúrtha nó dlítheanach ar leis nó léi an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú sin, chomh maith le haon tríú páirtithe a ndéantar dochar díreach dá gcearta i ndáil leis an maoin sin leis an ordú sin faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.*

Airteagal 3
Cionta coiriúla

1. Déanfar orduithe caltha nó orduithe coigistíochta *a fhorghníomhú* gan coiriúlacht dhúbailte na ngníomhartha is cúis le horduithe *den sórt sin* a fhíorú, sa chás ina *bhfuil na gníomhartha sin* inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta darb uasmhéid trí bliana, ar a laghad, *agus arb ionann iad agus ceann amháin nó níos mó de na cionta coiriúla seo a leanas faoi dhlí an Stáit eisiúna:*

- (1) rannpháirteachas in eagraíocht choiriúil;
- (2) sceimhlitheoireacht;
- (3) gáinneáil ar dhaoine;
- (4) teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí;
- (5) gáinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha;
- (6) gáinneáil aindleathach ar airm, armlóin agus pléascáin;
- (7) éilliú;

(8) *calaois, lena n-áirítear calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*¹⁹;

-
- (9) sciúradh fáltas ón gcoiriúlacht;
 - (10) góchumadh airgeadra, lena n-áirítear an euro;
 - (11) coireacht atá bainteach le ríomhaireacht;
 - (12) coireacht chomhshaoil, lena n-áirítear gáinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe atá faoi bhagairt agus ar speicis plandaí agus cineálacha plandaí atá faoi bhagairt;
 - (13) teacht isteach agus cónaí neamhúdaráithe a éascú;
 - (14) dúnmharú, *nó* mórdhíobháil choirp;
 - (15) trádáil aindleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine;
 - (16) fuadach, srianadh neamhdhlíthiúil *nó* gabháil giall;
 - (17) ciníochas agus seineafóibe;
 - (18) robáil eagraithe nó armtha;
 - (19) gáinneáil aindleathach ar earraí cultúir, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne;

¹⁹ *Treoir (AE) 2017/2017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).*

- (20) caimiléireacht;
- (21) cambheartaíocht agus sracadh;
- (22) góchumadh agus píoráideacht táirgí;
- (23) brionnú doiciméad riarachán agus gáinneáil *orthu*;
- (24) ***modhanna íocaíochta a bhrionnú***;
- (25) gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí fáis eile;
- (26) gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha;
- (27) ghinneáil ar fheithiclí goidte;
- (28) éigniú;
- (29) coirloscadh;
- (30) coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta;
- (31) urghabháil neamhdhleathach aerárthaí nó long;
- (32) sabaitéireacht.

2. I gcás cionta coiriúla seachas na cionta *dá dtagraítear i* mír 1, féadfaidh an Stát forghníomhaitheach forghníomhú agus aithint ordaithe caltha nó coigistíochta a chur faoi réir an choinníoll gur cion coiriúil iad na gníomhartha is cúis leis an ordú caltha nó an ordú coigistíochta faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, is cuma cé na heilimintí atá sa ghníomh coiriúil sin nó cén bealach a gcuirtear síos air faoi dhlí an Stáit eisiúna.

CAIBIDIL II

ORDUITHE CALCTHA A THARCHUR, A AITHINT AGUS A FHORGHNIÓMHÚ



Airteagal 4

Orduithe coigistíochta a tharchur

1. *Déanfar ordú caltha a tharchur trí dheimhniú caltha. Déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú caltha dá bhforáiltear in Airteagal 6 a tharchur go díreach chuig an údarás forghníomhaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, chuig an údarás lárnach dá dtagraítear in Airteagal 24(2), trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha a ligeann don údarás forghníomhaitheach barántúlacht an deimhnithe caltha nó an deimhnithe caltha a shuí.*

2. *Féadfaidh na Ballstáit dearbhú a dhéanamh ina ndeirtear gurb amhlaidh, nuair a tharchuirtear deimhniú caltha chucu chun go ndéanfaí ordú caltha a shainaitheint agus a fhorghníomhú, go bhfuil an t-údarás eisiúna chun an t-ordú caltha bunaidh nó cóip dheimhnithe de, chomh maith leis an deimhniú caltha, a tharchur. Mar sin féin, ní gá ach an deimhniú caltha a aistriú, i gcomhréir le hAirteagal 6(2).*
3. *Féadfaidh na Ballstáit an dearbhú dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh nó a tharraingt siar tráth ar bith. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas nuair a dhéanann siad dearbhú den sórt sin siar nó nuair a tharraingíonn siad siar é. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin ar fáil do na Ballstáit go léir agus do EJN.*
4. *Maidir le hordú caltha a bhaineann le suim airgid, i gcás ina bhfuil forais réasúnta ag an údarás lena chreidiúint go bhfuil maoin nó ioncam ag an duine sin ar ina choinne nó ina coinne a eisíodh an t-ordú caltha i mBallstát, déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú caltha a tharchur chuig an mBallstát sin.*

5. *Maidir le hordú caltha a bhaineann le míreanna sonracha maoin, déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú caltha a tharchur chuig an mBallstát sin a bhfuil forais réasúnta ag an údarás lena chreidiúint gurb ann atá an mhaoin a chumhdaítear san ordú caltha suite.*
6. *Maidir leis an deimhniú caltha:*
- (a) *beidh deimhniú coigistíochta ag gabháil leis a tharchuirfear i gcomhréir le hAirteagal 14; nó*
- (b) *beidh treoir ann go bhfanfaidh an mhaoin chalctha sa Stát forghníomhaitheach go dtí go ndéanfar an t-ordú coigistíochta a tharchur agus a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 14 agus, sa chás sin, déanfaidh an t-údarás eisiúna dáta measta an tarchuir sin a chur in iúl sa deimhniú.*
7. *Más eol dó daoine ar bith lena mbaineann dá ndéanann an t-ordú caltha difear, cuirfidh an t-údarás eisiúna an méid sin in iúl don údarás forghníomhaitheach. Déanfaidh an t-údarás eisiúna, arna iarraidh sin air, an t-údarás forghníomhaitheach a chur ar an eolas freisin faoi aon fhaisnéis is ábhartha i leith éileamh ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine sin dá ndéantar difear, i ndáil leis an maoin, lena n-áirítear aon fhaisnéis lena sainiúitear na daoine sin.*

8. *Más rud é, d'ainneoin na faisnéise a cuireadh ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 24(3), nach eol don údarás eisiúna cé an t-údarás inniúil forghníomhaitheach, déanfaidh an t-údarás eisiúna na fiosrúcháin go léir is gá, lena n-áirítear trí phointí teagmhála EJN, chun faisnéis a fháil i dtaobh cén t-údarás atá inniúil le haghaidh an ordú calctha a aithint agus a fhorghníomhú.*
9. *I gcás nach bhfuil aon inniúlacht ag an Stát forghníomhaitheach a fhaigheann deimhniú calctha chun an t-ordú calctha a aithint nó chun bearta a dhéanamh is gá lena fhorghníomhú, déanfaidh an t-údarás sin an deimhniú calctha a tharchur láithreach chuig an údarás inniúil forghníomhaitheach ina Bhallstát féin agus cuirfidh sé sin in iúl don údarás eisiúna dá réir.*

Airteagal 5

Ordú coigistíochta a tharchur chuig Stát forghníomhaitheach amháin nó níos mó

1. *Ní tharchuirfear deimhniú calctha de bhun Airteagal 4 ach chuig Stát forghníomhaitheach amháin ag aon am amháin mura rud é go bhfuil feidhm ag mír 2 nó ag mír 3 den Airteagal seo.*

2. *I gcás ina mbaineann ordú caltha le míreanna sonracha maoinne, féadfar an deimhniú caltha a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin ag an am céanna:*
- (a) *i gcás ina bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna lena chreidiúint go bhfuil míreanna éagsúla maoinne a chumhdaítear san ordú caltha suite i Stáit fhorghníomhaitheacha éagsúla; nó*
- (b) *i gcás ina n-éileofaí gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin chun mír shonrach mhaoine a chumhdaítear san ordú caltha a chalcadh.*
3. *I gcás ina mbaineann ordú caltha le suim airgid, féadfar an deimhniú caltha a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin ag an am céanna, i gcás ina measann an t-údarás eisiúna go bhfuil gá ar leith lena dhéanamh, go háirithe i gcás nach dócha gur leor luach na maoinne a d'fhéadfaí a chalcadh sa Stát eisiúna agus in aon Stát forghníomhaitheach ar leith chun an méid iomlán a chumhdaítear san ordú caltha a chalcadh.*

Airteagal 6

Deimhniú caighdeánach coigistíochta

- 1. D'fhonn ordú clactha a tharchur, déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú calctha atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a chomhlánú, a shíniú, agus deimhneoidh sé go bhfuil a inneachar cruinn ceart.*
- 2. Déanfaidh an t-údarás eisiúna aistriúchán ar an deimhniú calctha a sholáthar don údarás forghníomhaitheach i dteanga oifigiúil de chuid an Stáit fhorghníomhaíthigh nó in aon teanga eile a nglacfaidh an Stát forghníomhaitheach léi i gcomhréir le mír 3.*
- 3. Féadfaidh aon Bhallstát, ag am ar bith, a shonrú i ndearbhú arna thíolacadh chuig an gCoimisiún, go nglacfaidh sé le haistriúchán ar orduithe calctha a aistríodh go teanga oifigiúil amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit sin. Cuirfidh an Coimisiún na dearbhuithe ar fáil do na Ballstáit uile agus do EJN.*

Airteagal 7

Orduithe coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú

- 1. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach ordú coigistíochta arna tharchur i gcomhréir le hAirteagal 4 a aithint agus déanfaidh sé na bearta is gá lena fhorghníomhú ar an mbealach céanna agus a dhéanfaidh sé ordú coigistíochta intíre arna eisiúnt ag údarás de chuid an Stait eisiúna a fhorghníomhú , ach amháin má dhéanann an t-údarás forghníomhaitheach ceann de na forais do neamhaithint nó do neamhfhorghníomhú dá bhforáiltear in Airteagal 8 nó ceann de na forais do chur siar ordaithe dá bhforáiltear in Airteagal 10 a agairt.*
- 2. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach tuairisciú don údarás eisiúna maidir leis an ordú calctha a fhorghníomhú, lena n-áirítear tuairisc ar an maoin a calcadh agus, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, meastachán ar luach na maoin sin a thabhairt. Déanfar an tuairisciú sin trí mheán ar bith lena bhféadfar taifead i scríbhinn a sholáthar, gan aon mhoill mhíchúí a luaithe a mbeifear tar éis a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach gur forghníomhaíodh an t-ordú calctha.*

Airteagal 8

Forais le gan orduithe coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú

1. *Ní fhéadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh gan ordú calctha a aithint ná a fhorghníomhú ach amháin:*
 - (a) *más rud é go mbeadh forghníomhú an ordaithe calctha in aghaidh an phrionsabail ne bis in idem;*
 - (b) *más rud é go bhfuil pribhléid nó díolúine ann faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh lena gcuirfí cosc ar chalcadh na maoin lena mbaineann nó má tá rialacha ann maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh nó a theorannú, ar dliteanas coiriúil é a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, agus go gcuirtear cosc, leis na rialacha sin, ar fhorghníomhú an ordaithe calctha;*
 - (c) *má tá an deimhniú calctha neamhiomlán nó más follas go bhfuil sé mícheart, agus nár comhlánaíodh é tar éis an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2;*

- (d) *má bhaineann an t-ordú caltha le cion coiriúil a rinneadh, go hiomlán nó go páirteach, lasmuigh de chríoch an Stáit eisiúna agus go ndearnadh é go hiomlán nó go páirteach laistigh de chríoch an Stáit fhorghníomhaigh, agus nach cion faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaigh é an t-iompar ar eisíodh an t-ordú caltha ina leith;*
- (e) *más rud é, i gcás a thagann faoi Airteagal 3(2), nach cion coiriúil faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaigh é an t-iompar is cúis leis an ordú caltha sin; mar sin féin, i gcásanna a bhaineann le cánacha nó dleachtanna, nó le rialacháin chustaim agus mhalairte, ní dhéanfar aithint nó forghníomhú an ordaithe caltha a dhiúltú ar na forais nach ngearrtar cáin ná dleacht den chineál céanna faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaigh nó nach bhfuil rialacha den chineál céanna ann maidir le cánacha agus dleachtanna nó rialacháin chustaim agus mhalairte den chineál céanna is atá i ndlí an Stáit eisiúna;*

(f) i dtosca eisceachtúla, tá forais shuntasacha le creidiúint, ar bhonn fianaise oibiachtúil agus shonrach, go mbeadh sárú soiléir ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach sa Chairt, mar thoradh ar fhorghníomhú an ordaithe caltha, in imthosca áirithe an cháis, go háirithe an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, an ceart chun triail chóir a fháil nó an ceart cosanta.

- 2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, sula ndéantar cinneadh gan ordú caltha a aithint nó a fhorghníomhú, go hiomlán nó go páirteach, rachaidh an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle leis an údarás eisiúna ar aon bhealach is iomchuí agus iarrfaidh sé ar an údarás eisiúna, nuair is iomchuí, aon fhaisnéis atá riachtanach a sholáthar gan mhoill.*
- 3. Déanfar aon chinneadh gan an t-ordú coigistíochta a aithint nó gan an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú gan mhoill agus tabharfar fógra ina leith siúd láithreach don údarás eisiúna trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar.*
- 4. I gcás inar thug údarás forghníomhaitheach aitheantas d'ordú caltha, ach go dtugann sé faoi deara, le linn fhorghníomhú an ordaithe, go bhfuil ceann de na forais do neamhaithint nó do neamhfhorghníomhú infheidhme, rachaidh sé i dteagmháil láithreach leis an údarás eisiúna trí aon mheán iomchuí chun plé a dhéanamh ar na bearta iomchuí a bheidh le dhéanamh. Ar an mbonn sin, féadfaidh an t-údarás eisiúna cinneadh a dhéanamh an t-ordú caltha a aistarraingt. Más rud é, tar éis an phlé sin, nár thángthas ar aon réiteach, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh deireadh a chur le fhorghníomhú an ordaithe caltha.*

Airteagal 9

Teorainneacha ama maidir le horduithe caltha a aithint agus a fhorghníomhú

- 1. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh maidir leis an ordú caltha a aithint agus a fhorghníomhú agus leis an ordú sin a fhorghníomhú gan mhoill agus chomh gasta céanna agus leis an tosaíocht chéanna agus a bhíonn i gceist le cás comhchosúil intíre tar éis don údarás forghníomhaitheach an deimhniú caltha a fháil.*
- 2. I gcás inar léirigh an t-údarás eisiúna, sa deimhniú caltha, gur gá forghníomhú an ordaithe caltha a chur i gcrích ar dháta sonrach, tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach aird, a lánoiread is féidir, air sin. I gcás inar léirigh an t-údarás eisiúna go bhfuil comhordú ag teastáil idir na Ballstáit lena mbaineann, rachaidh an t-údarás forghníomhaitheach agus an t-údarás eisiúna i mbun comhordú le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le dáta forghníomhaithe an ordaithe caltha. Mura féidir teacht ar aon chomhaontú, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh maidir le dáta forghníomhaitheach an ordaithe caltha, leasanna an údaráis eisiúna á gcur san áireamh oiread agus is féidir.*

3. *Gan dochar do mhír 5, i gcás inar luaigh an t-údarás eisiúna, sa deimhniú calctha, gur gá calcadh a dhéanamh láithreach ós rud é go bhfuil forais dhlisteanacha ann lena chreidiúint go ndéanfar an mhaoin atá i gceist a aistriú nó a scriosadh, i bhfianaise aon riachtanas imscrúdaithe nó nós imeachta sa Bhallstát eisiúna, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh, maidir leis an ordú calctha a aithint, tráth nach déanaí ná 48 n-uaire an chloig tar éis don údarás forghníomhaitheach é a fháil. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na bearta nithiúla is gá chun an t-ordú a fhorghníomhú tráth nach déanaí ná 48 n-uaire an chloig tar éis an cinneadh a dhéanamh.*
4. *Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an cinneadh maidir leis an ordú calctha a aithint agus a fhorghníomhú a chur in iúl don údarás eisiúna gan mhoill agus trí aon mheán lena féidir taifead i scríbhinn a sholáthar.*

5. *I gcás ar leith, nuair nach féidir na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 3 a chomhlíonadh, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach é sin in iúl don údarás eisiúna láithreach trí mheán ar bith, agus na cúiseanna leis an moill á dtabhairt aige, agus rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir le sceideal iomchuí le haithint nó forghníomhú an ordaithe caltha.*
6. *Ní scaoiltear, le dul in éag na dteorainneacha ama a leagtar amach i mír 3, an t-údarás forghníomhaitheach óna oibleagáidí cinneadh a ghlacadh maidir leis an ordú caltha a aithint agus a fhorghníomhú, ná maidir leis an t-ordú sin a fhorghníomhú, gan mhoill.*

Airteagal 10

Forghníomhú orduithe caltha a chur siar

1. *Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach forghníomhú ordaithe caltha arna tharchur i gcomhréir le hAirteagal 4 a chur siar i gcás:*
 - (a) *ina bhféadfadh a fhorghníomhú dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil leanúnach; sa chás sin is féidir forghníomhú an ordaithe caltha a chur siar go dtí cibé tráth a mheasann an t-údarás forghníomhaitheach a bheith réasúnach;*

- (b) *ina bhfuil an mhaoín ina abhar d'ordú caltha atá ann cheana, agus sa chás sin, féadfar forghníomhú an ordaithe caltha a chur siar go dtí go ndéanfar an t-ordú sin atá ann cheana féin a aistarraingt; nó*
- (c) *ina bhfuil an mhaoín faoi réir ordú atá ann cheana féin arna eisiúint le linn imeachtaí eile sa Stát forghníomhaitheach agus, sa chás sin, féadfar forghníomhú an ordaithe caltha a chur siar go dtí go ndéanfar an t-ordú sin atá ann cheana a aistarraingt; ní bheidh feidhm ag an bpointe sin, áfach, ach amháin nuair a bheidh tosaíocht ag an ordú atá ann cheana, faoin dlí náisiúnta, ar orduithe caltha náisiúnta ina dhiaidh sin i dtaobh ábhair choiriúla.*
2. *Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, láithreach agus trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, tuairisciú don údarás eisiúna maidir le forghníomhú an ordaithe caltha a chur siar lena sonraítear na forais leis an gcur siar agus, más féidir, pé fad a mheastar a mhairfidh an cur siar.*

3. *A luaithe a scoirfidh na forais do chur siar an ordaithe de bheith ann, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach láithreach na bearta is gá chun an t-ordú caltha a fhorghníomhú agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas faoin méid sin trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar.*

Airteagal 11

Rúndacht

1. *Agus ordú caltha á fhorghníomhú, tabharfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach aird chuí ar rúndacht an imscrúdaithe, ar sa chomhthéacs sin a eisíodh an t-ordú caltha.*
2. *Ach amháin a mhéid is gá chun an t-ordú caltha a fhorghníomhú, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach rúndacht fhíorais agus shubstaint an ordaithe caltha a ráthú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta féin. Gan dochar mór 3 den Airteagal seo, a luaithe a fhorghníomhaítear an t-ordú caltha, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach na daoine dá ndéantar dífeall ar an eolas faoin méid sin i gcomhréir le hAirteagal 32.*

3. *Chun imscrúduithe leanúnacha a choimirciú, féadfaidh an t-údarás eisiúna a iarraidh ar an údarás forghníomhaitheach go ndéanfaí fógra a thabhairt do dhaoine dá ndéantar difear faoi fhorghníomhú an ordaithe calctha faoi Airteagal 32 a chur siar. A luaithe nach gá go gcuirfear fógra a thabhairt do dhaoine dá ndéantar difear ionas gur féidir imscrúduithe leanúnacha a choimirciú a chur siar, tabharfaidh an t-údarás eisiúna fógra don údarás forghníomhaitheach dá réir, chun gur féidir leis an údarás forghníomhaitheach fógra a thabhairt do na daoine dá ndéantar difear faoi fhorghníomhú an ordaithe calctha i gcomhréir le hAirteagal 32.*
4. *Mura féidir leis an údarás forghníomhaitheach na hoibleagáidí rúndachta a leagtar amach faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé fógra don údarás eisiúna faoi sin láithreach agus, i gcás inarb indéanta, sula ndéanfar an t-ordú calctha a fhorghníomhú.*

█

Airteagal 12
Fad orduithe calctha

1. *Fanfaidh an mhaoin atá faoi réir ordaithe calctha sa Stát forghníomhaitheach go dtí go dtabharfaidh údarás inniúil an stáit sin freagra cinntitheach ar ordú coigistíochta arna tharchur i gcomhréir le hAirteagal 14, nó go dtí go gcuirfidh an t-údarás eisiúna in iúl don údarás forghníomhaitheach aon bhearta nó aon chinneadh a fhágann nach mbeidh an t-ordú in-fhorfheidhmithe nó is cúis le go dtarraingeofar siar é, i gcomhréir le hAirteagal 27(1).*

2. *Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, agus imthosca an cháis á gcur san áireamh aige, iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar an údarás eisiúna chun an tréimhse a bhfuiltear chun an mhaoin a chalcadh lena linn a teorannú. Déanfar iarraidh den sórt sin, lena n-áirítear aon fhaisnéis ábhartha tacaíochta, a tharchur trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, faoi choinníollacha a fhágfaidh gur féidir leis an údarás eisiúna barántúlacht na hiarrata a shuí. Agus iarraidh den chineál sin á scrúdú aige, cuirfidh an t-údarás eisiúna na leasanna go léir san áireamh, lena n-áirítear leasanna an údaráis fhorghníomhaithigh. Tabharfaidh an t-údarás eisiúna freagairt ar an iarraidh a luaithe is féidir. Mura n-aontaíonn an t-údarás eisiúna leis an teorannú, déanfaidh sé na cúiseanna atá aige leis sin a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach. Sa chás sin, fanfaidh an mhaoin faoi chalcadh i gcomhréir le mír 1. Mura dtabharfaidh an t-údarás eisiúna freagairt ar an iarraidh laistigh de shé seachtaine ón dáta a bhfaightear an iarraidh, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás forghníomhaitheach a thuilleadh an t-ordú calctha a fhorghníomhú.*

Airteagal 13

Neamhfhéidearthacht ordú coigistíochta a fhorghníomhú

1. *I gcás ina measann údarás forghníomhaitheach nach bhfuil sé indéanta ordú calctha a fhorghníomhú, tabharfaidh sé fógra ina leith sin don údarás eisiúna gan mhoill.*
2. *Sula dtabharfar fógra don údarás eisiúna i gcomhréir le mír 1, rachaidh an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle, i gcás inarb iomchuí, leis an údarás eisiúna.*
3. *Ní bheidh údar le gan ordú calctha a fhorghníomhú faoin Airteagal seo ach sna cásanna seo a leanas:*
 - (a) *más rud é gur coigistíodh an mhaoin cheana;*
 - (b) *más rud é go bhfuil an mhaoin ar iarraidh;*
 - (c) *más rud é gur scriosadh an mhaoin;*

- (d) *más rud é nach féidir teacht ar an maoin sa suíomh atá sonraithe ar an deimhniú calctha; nó*
- (e) *más rud é nach féidir an mhaoin a fháil siocair nach bhfuil cuntas sách cruinn tugtha ar an suíomh ina bhfuil an mhaoin sin lonnaithe, d'ainneoin na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2.*

4. *Maidir leis na cásanna faoi phointe (b), pointe (d) agus pointe (e) de mhír 3, más rud é go bhfaigheann an t-údarás forghníomhaitheach faisnéis ina dhiaidh sin lena gcuirtear ar a chumas an mhaoin a shuí, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-ordú calctha a fhorghníomhú gan gá deimhniú nua calctha a tharchur, ar choinníoll gur fhíoraigh an t-údarás forghníomhaitheach, sula bhforghníomhaítear an t-ordú calctha, leis an údarás eisiúna go bhfuil an t-ordú calctha fós bailí.*
5. *D'ainneoin mhír 3, má léirigh an t-údarás eisiúna go bhféadfaí maoin ar luach coibhéiseach a chalcadh, ní cheanglófar ar an údarás forghníomhaitheach an t-ordú ordaithe calctha faoin Airteagal seo más ann do cheann amháin de na himthosca a leagtar amach i mír 3 agus murar ann do mhaoin ar luach coibhéiseach a fhéadfar a chalcadh.*

█

CAIBIDIL III

ORDUITHE CALCTHA A THARCHUR, A AITHINT AGUS A FHORGHNÍOMHÚ

Airteagal 14

Orduithe coigistíochta a tharchur

1. Déanfar ordú coigistíochta a tharchur *trí dheimhniú coigistíochta. Déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú coigistíochta* dá bhforáiltear in Airteagal 17 a tharchur go díreach chuig an údarás forghníomhaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, chuig an údarás lárnach dá dtagraítear in Airteagal 24(2) trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha *ina* bhfuil ar chumas an údaráis forghníomhaithigh barántúlacht an ordaithe coigistíochta a shuí.
2. *Féadfaidh na Ballstáit dearbhú a dhéanamh ina ndeirtear gurb amhlaidh, nuair a tharchuirtear deimhniú coigistíochta chucu chun go ndéanfaí ordú coigistíochta a shaináithint agus a fhorghníomhú, go bhfuil an t-údarás eisiúna chun an t-ordú coigistíochta bunaidh nó cóip dheimhnithe de a tharchur i dteannta an deimhnithe coigistíochta. Mar sin féin, ní gá ach an deimhniú coigistíochta a aistriú, i gcomhréir le hAirteagal 17(2).*

3. *Féadfaidh na Ballstáit an dearbhú dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh nó tharraingt siar tráth ar bith. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas nuair a dhéanann siad dearbhú den sórt sin nó nuair a tharraingíonn siad siar é. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin ar fáil do na Ballstáit go léir agus do EJN.*
4. Maidir le hordú coigistíochta a bhaineann le suim airgid, i gcás ina gcineann *an t-údarás eisiúna go bhfuil forais réasúnacha aige* lena chreidiúint gur ann atá maoin nó ioncam ag an duine ■ ar ina choinne a eisíodh an t-ordú coigistíochta, *tarchuirfidh sé an deimhniú coigistíochta* chuig an mBallstát sin.
5. Maidir le hordú coigistíochta a bhaineann le míreanna sonracha maoin, i gcás ina gcineann *an t-údarás eisiúna go bhfuil forais réasúnacha aige* lena chreidiúint go bhfuil nithe den sort sin lonnaithe i mBallstát, *tarchuirfidh sé an deimhniú coigistíochta* chuig an mBallstát sin.
-
6. *Más eol aon daoine dó dá ndéanann an t-ordú calctha difear, cuirfidh an t-údarás eisiúna an méid sin in iúl don údarás forghníomhaitheach. Déanfaidh an t-údarás eisiúna, arna iarraidh sin air, an t-údarás forghníomhaitheach a chur ar an eolas freisin faoi aon fhaisnéis is ábhartha i leith éileamh ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine sin dá ndéantar difear, i ndáil leis an maoin, lena n-áirítear aon fhaisnéis lena sainnithnítear na daoine sin.*

7. *Más rud é, d'ainneoin na faisnéise a chuirfear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 24(3), nach eol don údarás eisiúna cé an t-údarás inniúil forghníomhaitheach, déanfaidh an t-údarás eisiúna na fiosrúcháin go léir is gá, lena n-áirítear trí phointí teagmhála EJM, chun a chinneadh **cén t-údarás atá inniúil le haghaidh an ordú caltha a aithint agus a fhorghníomhú.***
8. I gcás nach bhfuil an t-údarás sa Stát forghníomhaitheach a fhaigheann **deimhniú** coigistíochta **inniúil** chun an deimhniú coigistíochta a aithint **nó** chun na bearta is gá a dhéanamh lena fhorghníomhú, déanfaidh **an t-údarás** sin **an deimhniú** coigistíochta a tharchur láithreach chuig an údarás inniúil forghníomhaitheach ina Bhallstát féin agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás eisiúna dá réir.

Airteagal 15

Ordú coigistíochta a tharchur chuig Stát forghníomhaitheach amháin nó níos mó

1. Ní tharchuirfear **deimhniú** coigistíochta, de bhun Airteagal 14, ach chuig Stát forghníomhaitheach amháin ag aon am amháin **mura rud é go bhfuil feidhm ag mír 2 nó mír 3 den Airteagal seo.**

2. *I gcás* ina mbaineann ordú coigistíochta le míreanna sonracha maoinne, féadfar *an deimhniú coigistíochta* a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin ag an am céanna i gcás:
- (a) go bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna lena chreidiúint go bhfuil míreanna éagsúla maoinne arna gcumhdach ag an ordú coigistíochta suite i Stáit fhorghníomhaitheacha éagsúla; nó
 - (b) go bhfuil gníomhaíocht ag teastáil i níos mó ná *Stát* forghníomhaitheach *amháin* chun mír shonrach mhaoinne arna cumhdach ag an ordú coigistíochta *a choigistiú*.
3. *I gcás ina mbaineann* suim airgid le hordú coigistíochta, féadfar *an deimhniú coigistíochta* a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin ag an am céanna, i gcás ina measann an t-údarás eisiúna go bhfuil gá ar leith lena dhéanamh, go háirithe i gcás:
- (a) nár calcadh an mhaoin atá i gceist faoin Rialachán seo; nó

- (b) nach dócha gur leor luach measta na maoinne a d'fhéadfaí a choigistiú sa Stáit eisiúna *in* aon Stát forghníomhaitheach ar leith chun an méid iomlán a chumhdaítear leis an ordú coigistíochta a choigistiú.

Airteagal 16

Iarmhairtí orduithe coigistíochta a tharchur

1. Ní chuirfidh tarchur an ordaithe coigistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 14 agus Airteagal 15, srian ar cheart an Stáit eisiúna an t-ordú a fhorghníomhú.
2. Ní *rachaidh* an luach iomlán a fhaightear ó fhorghníomhú ordaithe coigistíochta a bhaineann le suim airgid os cionn an uasmhéid arna shonrú san ordú sin, beag beann ar cibé a ndearnadh é a tharchur chuig Stát forghníomhaitheach amháin nó níos mó.
3. Cuirfidh an t-údarás eisiúna an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas láithreach trí mheán ar bith lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar *i gcás*:

- (a) ina measfaidh sé go bhféadfadh coigistiú is airde ná an uasmhéid tarlú, go háirithe ar bhonn faisnéis *a fhaightear ón* údarás forghníomhaitheach de bhun *phointe (b) d'Airteagal 21(1)* ■;
- (b) ina ndearnadh ■ an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú ina iomláine nó i bpáirt sa Stát eisiúna nó i Stát forghníomhaitheach eile, sa chás sin sonrúfar an méid den iomlán nár forghníomhaíodh go fóill leis an ordú coigistíochta; *nó*
- (c) tar éis *dheimhniú coigistíochta* a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 14, go bhfaigheann údarás de chuid an Stáit eisiúna aon suim airgid atá íoctha ag an duine lena mbaineann ■ i ndáil leis an ordú *coigistíochta*.

I gcás ina mbeidh feidhm ag pointe *(a) den chéad fhomhír*, cuirfidh an t-údarás eisiúna in iúl don údarás forghníomhaitheach a luaithe is féidir cé acu is ann nó *nach ann a thuilleadh* don bhaol dá dtagraítear sa phointe sin.

■

Airteagal 17

Deimhniú caighdeánach *coigistíochta*

1. Chun ordú coigistíochta a tharchur, déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú *coigistíochta* atá leagtha amach in Iarscríbhinn *II* a chomhlánú, a shíniú, agus deimhneoidh sé go bhfuil a inneachar cruinn ceart.
2. Soláthróidh an t-údarás eisiúna aistriúchán ar an deimhniú *coigistíochta* i dteanga oifigiúil de chuid an Stáit fhorghníomhaigh nó in aon teanga eile **■** *a nglacfaidh* an Stát *forghníomhaitheach* léi i gcomhréir le mír 3 don údarás forghníomhaitheach.
3. Féadfaidh aon Bhallstát, ag am ar bith, a shonrú i ndearbhú arna thíolacadh chuig an gCoimisiún, go nglacfaidh sé le haistriúcháin ar dheimhnithe *coigistíochta i dteanga oifigiúil amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit sin. Cuirfidh an Coimisiún na dearbhuithe ar fáil do na Ballstáit uile agus do EJN.*

Airteagal 18

Orduithe coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú

1. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach ordú coigistíochta arna tharchur i gcomhréir le hAirteagal 14 a aithint agus déanfaidh sé na *bearta* is gá lena fhorghníomhú sa tslí chéanna ina fhorghníomhaítear ordú coigistíochta *arna eisiúint* ag údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh, ach amháin má agraíonn an t-údarás *forghníomhaitheach* ceann de na forais do neamhathint nó do neamhfhorghníomhú *da bhforáiltear in* Airteagal 19 nó ceann de na forais chun an t-ordú a chur siar dá bhforáiltear in Airteagal 21.
2. Má bhaineann ordú coigistíochta le mír shonrach mhaoine, féadfaidh *an t-údarás* eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach, *má* **■** *fhoráiltear* amhlaidh faoi dhlí an Stáit eisiúna, a aontú gur féidir an choigistíocht a dhéanfar sa Stát forghníomhaitheach a chur i gcrích trí shuim airgid a choigistiú is ionann agus luach na maoine *a bhí le a coigistiú*.

3. Má bhaineann ordú coigistíochta le suim airgid agus mura bhfuil an t-údarás forghníomhaitheach in ann íocaíocht an mhéid sin a fháil, forgníomhóidh sé an t-ordú coigistíochta i gcomhréir le mír 1 i dtaca le haon mhír mhaoine atá ar fáil chun na críche sin. Más gá, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an tsuim airgid atá le coigistiú a chomhshó go dtí airgeadra an Stáit fhorghníomhaithigh, ar an ráta malairte laethúil don euro arna fhoilsiú i sraith C in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* don dáta ar eisíodh an t-ordú coigistíochta.

4. *Aon chuid den tsuim airgid a aisghabhtar de bhun an ordaithe coigistíochta in aon Stát seachas sa Stát forghníomhaitheach, asbhainfear ina hiomláine i ón méid a bheidh le coigistiú sa Stát forghníomhaitheach.*

5. *I gcás inar eisigh an t-údarás eisiúna ordú coigistíochta ach nach bhfuil ordú calctha eisithe aige, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, mar chuid de na bearta dá bhforáiltear i mír 1, cinneadh a dhéanamh uaidh féin i gcomhréir lena dhlí náisiúnta an mhaoin a chalcadh, i bhfianaise fhorghníomhú an ordaithe coigistíochta ina dhiaidh sin. I gcás mar sin, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach é sin in iúl don údarás eisiúna gan mhoill, agus más féidir, sula ndéanfar an mhaoin lena mbaineann a chalcadh.*
6. A luaithe atá forghníomhú an ordaithe curtha i gcrích, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, trí mheán ar bith lena féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, *torthaí an fhorghníomhaithe a chur* in iúl don údarás eisiúna.

Airteagal 19

Forais le gan orduithe coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú

1. Ní fhéadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh gan *ordú* coigistíochta a aithint ná a fhorghníomhú ach amháin:

- (a) más rud é go mbeadh *forghníomhú* an ■ ordaithe coigistíochta in aghaidh an phrionsabail *ne bis in idem*;
- (b) más rud é go bhfuil pribhléid nó díolúine ann faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh lena gcuirfí cosc ar fhorghníomhú i leith na maoine lena mbaineann, *nó má tá rialacha ann maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh nó a theorannú, ar dliteanas coiriúil é a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meán eile, agus go gcuirtear cosc, leis na rialacha sin, ar fhorghníomhú an ordaithe coigistíochta*;
- (c) *má tá an deimhniú coigistíochta neamhiomlán nó más follas go bhfuil sé mícheart, agus nár comhlánaíodh é tar éis an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2*;
- (d) má ■ bhaineann an t-ordú coigistíochta le cion coiriúil a rinneadh, *go hiomlán nó go páirteach*, lasmuigh de chríoch an Stáit eisiúna agus go ndearnadh é go hiomlán nó go páirteach laistigh de chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, agus *nach cion* faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh *é* an t-iompar ar eisíodh ■ an t-ordú coigistíochta ina leith;

- (e) má tá sé dodhéanta faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, mar gheall ar chearta *daoine dá ndéantar difear*, an t-ordú ■ coigistíochta a fhorghníomhú, lena n-áirítear i gcás nach féidir sin a dhéanamh mar thoradh ar leigheasanna dlíthiúla arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 33;
- (f) ■ más rud é, i gcás a a thagann faoi Airteagal 3(2), nach cion faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh é an t-iompar ■ *ar* a bhfuil ■ an t-ordú coigistíochta eisishe; mar sin féin, *i gcásanna a bhaineann le* cánacha nó dleachtanna, nó le *rialacháin* chustaim agus mhalairte, ní dhéanfar aithint nó forghníomhú an ■ ordaithe coigistíochta a dhiúltú ar an bhforas nach ngearrtar *cáin ná dleachtanna* den chineál céanna faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh nó nach ndéantar foráil do rialacha den chineál céanna ann maidir le cánacha *agus* dleachtanna *nó* rialacháin chustaim agus mhalairte is atá i ndlí an Stáit eisiúna;

- (g) de réir an deimhnithe *coigistíochta*, mura raibh *an duine ar eisíodh an t-ordú coigistíochta ina choinne* nó ina coinne i láthair é féin nó í féin ag an triail, agus dá bharr sin, gur tugadh ordú coigistíochta atá nasctha le ciontú críochnaitheach, mura rud é go luaitear sa deimhniú *coigistíochta* ■, i gcomhréir le ceanglais bhreise nós imeachta mar a shainmhínítear i ndlí an Stáit eisiúna:
- (i) go bhfuair *an duine* toghairm go pearsanta in am trátha ■ agus gur cuireadh in iúl dó nó dí, dá bhíthin sin, an dáta sceidealta agus láthair na trialach dár lean an t-ordú coigistíochta, nó ■ go bhfuair an duine faisnéis oifigiúil maidir le dáta sceidealta agus láthair na trialach *ar bhealach eile* ionas gur cinntíodh gan amhras go raibh sé nó sí ar an eolas faoin triail sceidealta, agus gur cuireadh in iúl don ■ *duine sin* in am trátha go bhféadfaí ordú coigistíochta den chineál sin a thabhairt mura mbeadh an *duine sin* i láthair don triail;

- (ii) agus an duine sinfeasach ar an triail sceidealta, gur thug sé nó sí sainordú do *dhlíodóir*, a cheap *an duine* lena mbaineann nó an Stát chun é nó í a chosaint ag an triail, agus *go deimhin* go ndearna an *dhlíodóir* sin an duine a chosaint ag an triail; nó
- (iii) tar éis don duine an t-ordú coigistíochta a fháil agus ar a chur in iúl go sainráite don duine sin go raibh sé de cheart aige a triail ■ a iarraidh nó achomharc ■ a dhéanamh, agus *go mbeadh* cead ag an duine a bheith páirteach sa triail nó san achomharc sin, agus *go gceadófaí*, leis sin, tuillteanais an cháis, scrúdú ar fhianaise nua ■ san áireamh, *a athscrúdú*, agus go bhféadfaí an t-ordú coigistíochta bunaidh a fhreaschur dá bharr, go ndúirt an duine go sainráite *nach raibh sé nó sí* ag cur in aghaidh an ordaithe coigistíochta, nó nár iarr sé nó sí a triail nó achomharc laistigh de na *teorainneacha ama* is infheidhme;

(h) i dtosca eisceachtúla, tá forais shuntasacha le creidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú soiléir ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach sa Chairt, mar thoradh ar fhorghníomhú an ordaithe coigistíochta, in imthosca sonracha an cháis, go háirithe an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, an ceart chun triail chóir a fháil nó an ceart cosanta.

2. In *aon cheann de* na cásanna dá dtagraítear i mír 1, sula ndéantar cinneadh gan ordú coigistíochta a aithint agus gan ordú coigistíochta a fhorghníomhú, *bíodh sin* go hiomlán nó go páirteach, rachaidh an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle leis an údarás eisiúna ar aon bhealach is iomchuí agus iarrfaidh sé ar an údarás eisiúna, nuair is iomchuí, aon fhaisnéis riachtanach a sholáthar gan mhoill.
3. Déanfar aon chinneadh gan *an t-ordú coigistíochta* a aithint nó gan an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú gan mhoill agus tabharfar fógra ina leith siúd láithreach don údarás eisiúna trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar.

Airteagal 20

Teorainneacha ama maidir le horduithe coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú

1. **█** Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an cinneadh maidir leis an ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú gan mhoill, gan dochar do mhír 4, agus tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis don údarás forghníomhaitheach *an deimhniú* coigistíochta a fháil.
2. An cinneadh maidir leis an ordú coigistíochta *a aithint agus a fhorghníomhú*, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach é in iúl gan mhoill agus trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar don údarás eisiúna.
3. Murab ann d'fhorais chun an t-ordú a chur siar de bhun Airteagal 21, *glacfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na bearta nithiúla is gá chun an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú gan mhoill agus ar a laghad chomh gasta agus leis an tosaíocht chéanna a bhaineann le cás intíre inchomparáide.*

4. Mura bhfuil sé indéanta, i gcás sonrach, an *teorainn* ama a leagtar amach i *mír 1* a chomhlíonadh, cuirfidh ■ an t-údarás forghníomhaitheach é sin in iúl don údarás eisiúna *gan mhoill*, agus na cúiseanna leis an moill á dtabhairt aige, agus rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir le *sceideal iomchuí chun an t-ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú.* ■
5. *Ní scaoiltear, le dul in éag na teorann ama a leagtar amach i mír 1, an t-údarás forghníomhaitheach óna oibleagáidí cinneadh a ghlacadh maidir leis an ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú ná ón ordú sin a fhorghníomhú gan mhoill.*

Airteagal 21

Forghníomhú orduithe coigistíochta a chur siar

1. Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach *aithint nó* forghníomhú an ordaithe coigistíochta arna tharchur i gcomhréir le hAirteagal 14 a chur siar i gcás:

- (a) ina bhféadfadh a fhorghníomhú dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil leanúnach; *sa chás sin is féidir forghníomhú an ordaithe coigistíochta a chur siar* go dtí cibé tráth a mheasann *an t-údarás forghníomhaitheach* atá réasúnach;
- (b) maidir le hordú coigistíochta a bhaineann le suim airgid, i gcás ina measann *an t-údarás forghníomhaitheach* gur baol go bhféadfadh an luach iomlán a fhaightear ó fhorghníomhú an *ordaithe coigistíochta sin* dul go mór os cionn a bhfuil sonraithe san ordú coigistíochta mar gheall ar fhorghníomhú comhuaineach an ordaithe coigistíochta i níos mó ná Ballstát amháin;
- (c) ina bhfuil an mhaoin ina ábhar do nósanna imeachta coigistíochta *leanúnacha* cheana féin sa Stát forghníomhaitheach; *nó*
- (d) *ina n-agrófar* leigheas dlí dá dtagraítear in *Airteagal 33*.

2. *D'ainneoin Airteagal 18(5), déanfaidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh, a fhad agus atá fhorghníomhú an ordaithe coigistíochta á chur siar, na bearta uile a dhéanfaidh sé i gcás intíre den chineál céanna ionas nach dtarlóidh sé nach mbeidh fáil a thuilleadh ar an maoin chun an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú.*
3. Déanfaidh ■ an t-údarás forghníomhaitheach tuairisciú don údarás eisiúna *gan mhoill agus* trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar *maidir le fhorghníomhú an ordaithe coigistíochta a chur siar* ■, lena sonraítear na forais lena chur siar agus, más féidir, pé fad a mheastar a mhairfidh an cur siar.
4. A luaithe *nach ann do na forais* do chur siar ■ a thuilleadh, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, gan mhoill, na *bearta is gá* chun an t-ordú *a fhorghníomhú* agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas faoi sin trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar.

■

Airteagal 22

Neamhféidearthacht ordú coigistíochta a fhorghníomhú

1. *I gcás ina measann údarás forghníomhaitheach go bhfuil sé indéanta ordú coigistíochta a fhorghníomhú, tabharfaidh sé fógra don údarás eisiúna ina leith gan mhoill.*
2. *Sula dtabharfaidh sé fógra don údarás eisiúna i gcomhréir le mír 1, rachaidh an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle, i gcás inarb iomchuí, leis an údarás eisiúna, agus cuirfear na féidearthachtaí dá bhforáiltear faoi Airteagal 18(2) nó (3) san áireamh freisin.*
3. *Ní bheidh údar le hordú coigistíochta orghníomhú gfaoin Airteagal seo ach sna cásanna seo a leanas:*
 - (a) *más rud é gur coigistíodh an mhaoin cheana;*
 - (b) *más rud é go bhfuil an mhaoin ar iarraidh;*

- (c) *más rud é gur díothaíodh an mhaoin;*
- (d) *más rud é nach féidir teacht ar an maoin sa suíomh atá sonraithe ar an deimhniú coigistíochta; nó*
- (e) *más rud é nach féidir an mhaoin a fháil siocair nach bhfuil cuntas sách cruinn tugtha ar an suíomh ina bhfuil an mhaoin sin lonnaithe d'ainneoin na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2.*

4. *Maidir leis na cásanna faoi phointe (b), pointe (d) agus pointe (e) de mhír 3, más rud é go bhfaigheann an t-údarás forghníomhaitheach faisnéis ina dhiaidh sin lena gcuirtear ar a chumas an mhaoin a shuí, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an deimhniú coigistíochta a fhorghníomhú gan aon ghá a bheith le deimhniú coigistíochta nua a tharchur ar choinníoll go mbeidh sé fíoraithe leis an údarás eisiúna ag an údarás forghníomhaitheach go bhfuil an t-ordú coigistíochta fós bailí sula bhforghníomhóidh sé é.*
5. *D'ainneoin mhír 3, i gcás inar léirigh an t-údarás eisiúna go bhféadfadh maoin ar luach coibhéiseach a choigistiú, ní bheidh ceanglas ar an údarás forghníomhaitheach ordú coigistíochta a fhorghníomhú más ann do cheann amháin de na himthosca a leagtar amach i mír 3 agus murar ann do mhaoin ar luach coibhéiseach a fhéadfar a choigistiú.*

CAIBIDIL IV
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 23

An dlí lena rialaítear forghníomhú

1. Déanfar forghníomhú an *ordaithe* caltha nó *an* ordaithe coigistíochta a rialú faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh agus is iad a chuid údarás siúd amháin a bheidh inniúil chun cinneadh a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh *an* fhorghníomhaithe agus chun na bearta uile a bhaineann leo a chinneadh.
2. Déanfar *ordú* caltha nó ordú coigistíochta arna eisiúint i gcoinne duine dlítheanach a fhorghníomhú fiú mura n-aithníonn an Stát fhorghníomhaitheach an prionsabal maidir le dlíteanas coiriúil daoine dlítheanacha.
3. D'ainneoin Airteagal 18(2) agus (3), ní fhéadfaidh an Stát fhorghníomhaitheach bearta malartacha a fhorchur ■ ar an *ordú* caltha a *tarchuireadh* de bhun Airteagal 4 nó ar *an* ordú coigistíochta a *tarchuireadh* de bhun Airteagal 14 gan toiliú an Stáit eisiúna ■.

Airteagal 24

Na húdaráis inniúla a chur in iúl

1. Faoin ... [cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh gach Ballstát an t-údarás nó na húdaráis arna shainiú nó arna sainiú i bpointe (8) agus (9) d'Airteagal 2 *atá* inniúil faoina dhlí a chur in iúl don Choimisiún, sna cásanna sin inarb é an Ballstát sin *an Stát eisiúna, nó an Stát forghníomhaitheach, faoi seach*.
2. *Más gá, mar thoradh ar struchtúir a chórais dlí* inmheánaigh, féadfaidh *gach Ballstát údarás lárnach amháin nó níos mó a ainmniú* le bheith freagrach as tarchur agus *glacadh riarthach deimhnithe calctha agus deimhnithe* coigistíochta *agus as cabhrú lena* húdaráis inniúla féin. Tabharfaidh *gach Ballstát fógra* don Choimisiún *faoi aon údarás a ainmneoidh sé*.
3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear faoin Airteagal seo ar fáil do na Ballstáit go léir agus don EJN.

Airteagal 25

Cumarsáid

1. I gcás inar gá, rachaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle le chéile **■**, *gan mhoill*, le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, *trí mheán iomchuí ar bith*.
2. *Déanfar* gach cumarsáid, lena n-áirítear an chumarsáid siúd atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí maidir le tarchur nó *barántúlacht* aon doiciméid atá riachtanach chun an t-*ordú* caltha nó *an* t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú, go *díreach* idir an t-údarás *eisiúna agus* an t-údarás forghníomhaitheach agus, i gcás inar ainmnigh an Ballstát údarás lárnach i gcomhréir le hAirteagal 24(2), *i gcás inarb iomchuí* beidh an t-údarás lárnach sin rannpháirteach sa chumarsáid siúd.

Airteagal 26
Orduithe iolracha

1. Má **■ fhaigheann an t-údarás** forghníomhaitheach dhá ordú caltha nó níos mó nó dhá ordú coigistíochta nó níos mór **ó Bhallstáit éagsúla** i gcoinne an duine **■** chéanna, agus mura bhfuil **maoin** leordhóthanach ag an duine **sin ■** sa Stát forghníomhaitheach chun go sásófaí na horduithe uile, **nó má fhaigheann an t-údarás forghníomhaitheach dhá ordú caltha nó dhá ordú coigistíochta nó níos mó ná sin i ndáil leis an mír shonrach mhaoine chéanna, cinnfidh an t-údarás forghníomhaitheach na horduithe a dhéanfar a fhorghníomhú i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaigh, gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaí forghníomhú an ordaithe coigistíochta a chur siar i gcomhréir le hAirteagal 21.**
2. **Agus an cinneadh sin á dhéanamh aige, tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, i gcás inar féidir sin, tosaíocht do leasanna na n-íospartach. Cuirfidh sé na himthosca ábhartha uile eile san áireamh freisin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:**

- (a) *cibé acu atá na sócmhainní calctha nó nach bhfuil;*
- (b) *dátaí na n-orduithe faoi seach agus dátaí a dtarchuir* ■ ;
- (c) *tromchúis* ■ *an chiona choiriúil lena mbaineann;* agus
- (d) *áit déanta* ■ *an chiona choiriúil .*

■

Airteagal 27

Forghníomhú *ordaithe calctha nó ordaithe coigistíochta* a fhoirceannadh

1. *I gcás nach féidir an t-ordú calctha nó an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú a thuilleadh, nó nach bhfuil sé bailí a thuilleadh, déanfaidh an t-údarás eisiúna an t-ordú calctha nó an t-ordú coigistíochta a tharraingt siar.*

2. *Cuirfidh an t-údarás eisiúna an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas láithreach, trí mheán ar bith lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, faoi aistarraingt ordaithe calctha nó ordaithe coigistíochta, agus faoi aon chinneadh nó aon bheart is cúis le tarraingt siar ordaithe calctha nó ordaithe coigistíochta.*
3. *Foirceannfaidh an t-údarás forghníomhaitheach forghníomhú an ordaithe calctha nó an ordaithe coigistíochta a luaithe a chuirfidh an t-údarás eisiúna ar an eolas é i gcomhréir le mír 2, sa mhéid is nár cuireadh an forghníomhú i gcrích fós. Seolfaidh an t-údarás, gan aon mhoill mhíchuí agus trí mheán ar bith lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, dearbhú maidir le foirceannadh chuig an Stáit eisiúna.*

Airteagal 28

Maoin chalctha agus choigistithe a bhainistiú agus a dhiúscairt

1. *Déanfar maoin chalctha agus choigistithe a bhainistiú faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.*
2. *Déanfaidh an Stát forghníomhaitheach an mhaoin chalctha nó choigistithe a bhainistiú d'fhonn a dímeas luacha a chosc. Chuige sin, beidh deis ag an Stát forghníomhaitheach, ag féachaint d'Airteagal 10 de Threoir 2014/42/AE, maoin chalctha a dhíol nó a aistriú.*
3. *Fanfaidh maoin chalctha, nó airgead a fhaightear tar éis maoin den chineál sin a dhíol i gcomhréir le mír 2, sa Stát forghníomhaitheach go dtí go mbeidh deimhniú coigistíochta tarchurtha agus forghníomhaithe, gan dochar don deis faoi Airteagal 29 go ndéanfaí maoin a aiseag.*

4. *Ní bheidh ceangal ar an Stát forghníomhaitheach míreanna sonracha a chumhdaítear le hordú coigistíochta agus ar nithe cultúrtha iad, mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Threoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰, a thabhairt ar ais nó a dhíol. Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar difear don oibleagáid réada cultúrtha a thabhairt ar ais faoin Treoir sin.*

Airteagal 29

Maoin chalctha a aiseag leis an íospartach

1. *I gcás ina ndearna an t-údarás eisiúna nó údarás inniúil eile de chuid an Stáit eisiúna cinneadh a eisiúint, i gcomhréir lena dhlí naisiúnta, go ndéanfaí maoin chalctha a aiseag leis an íospartach, déanfaidh an t-údarás eisiúna faisnéis maidir leis an gcinneadh sin a áireamh sa deimhniú calctha nó déanfaidh sé faisnéis maidir leis an gcinneadh sin a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach tráth is faide anonn.*

²⁰ *Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le nithe cultúrtha a aistríodh go mídhleathach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 1024/2012 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 1).*

2. *I gcás ina bhfuair an t-údarás forghníomhaitheach faisnéis faoi chinneadh maoin chalctha a aiseag leis an íospartach, faoi mar a thagraítear dó nó di i mír 1, glacfaidh sé na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar an mhaoín sin, i gcás inar calcadh í, a aiseag leis an íospartach a luaithe is féidir, i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Stáit fhorghníomhaithigh, tríd an Stát eisiúna i gcás inar gá, ar an gcoinníoll:*

- (a) nach bhfuil an teideal atá ag an íospartach chun na maoinne á chonspóid;*
- (b) nach bhfuil an mhaoín ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí coiriúla sa Stát fhorghníomhaitheach; agus*
- (c) nach ndéantar dochar do chearta na ndaoine dá ndéantar difear.*

Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach fógra don údarás eisiúna i gcás ina ndéantar maoin a aistriú díreach chuig an íospartach.

3. *I gcás nach measfaidh údarás forghníomhaitheach gur comhlíonadh coinníollacha mhír 2, rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás eisiúna gan mhoill agus trí aon mhodh is iomchuí d'fhonn teacht ar réiteach. Murar féidir teacht ar réiteach, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach a chinneadh gan an mhaoin chalctha a aiseag leis an íospartach.*

Airteagal 30

Diúscairt maoin coigistithe nó airgead a fuarthas tar éis maoin den chineál sin a dhíol

1. *I gcás ina ndearna an t-údarás eisiúna nó údarás inniúil eile de chuid an Stáit eisiúna cinneadh a eisiúint, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, maoin choigistithe a aiseag leis an íospartach nó an t-íospartach a chúiteamh, déanfaidh an t-údarás eisiúna faisnéis maidir leis an gcinneadh sin a áireamh sa deimhniú coigistíochta, nó déanfaidh sé faisnéis maidir leis an gcinneadh sin a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach, ag céim is déanaí.*

2. *I gcás ina bhfuair an t-údarás forghníomhaitheach faisnéis faoi chinneadh maoin choigistithe a aiseag leis an íospartach, faoi mar a thagraítear dó nó di i mír 1, glacfaidh sé na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar an mhaoín sin, nuair a choigistítear í, a aiseag leis an íospartach a luaithe is féidir, trína haistriú, i gcás inar gá, chuig an Stát eisiúna. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach fógra don údarás eisiúna i gcás ina ndéantar maoin a aistriú díreach chuig an íospartach.*

3. *I gcás nach féidir leis an údarás forghníomhaitheach an mhaoín a aiseag leis an íospartach i gcomhréir le mír 2, ach go bhfuarthas airgead mar thoradh ar ordú coigistíochta a fhorghníomhú i ndáil leis an maoin sin, déanfar an tsuim chomhfhreagrach a aistriú chuig an íospartach chun críocha aisig, tríd an Stát eisiúna i gcás inar gá. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach fógra don údarás eisiúna i gcás ina ndéantar airgead a aistriú díreach chuig an íospartach. Aon mhaoín a bheidh fágtha, déanfar í a dhiúscairt i gcomhréir le mír 7.*

4. *I gcás ina bhfuair údarás forghníomhaitheach faisnéis faoi chinneadh cúiteamh a thabhairt don íospartach dá dtagraítear i mír 1, agus go bhfuarthas airgead mar thoradh ar ordú coigistíochta a fhorghníomhú, déanfar an tsuim chomhfhreagrach, sa mhéid is nach sáraítear an méid a léirítear sa deimhniú léi, a aistriú chuig an íospartach chun críocha cúitimh, tríd an Stát eisiúna i gcás inar gá. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach fógra don údarás eisiúna i gcás ina ndéantar airgead a aistriú díreach chuig an íospartach. Aon mhaoín a bheidh fágtha, déanfar í a dhiúscairt i gcomhréir le mír 7.*
5. *Má tá nós imeachta chun an t-íospartach a aiseag nó a chúiteamh ar feitheamh sa Stát eisiúna, déanfaidh an t-údarás eisiúna an t-údarás forghníomhaitheach a chur ar an eolas dá réir. Déanfaidh an Stát forghníomhaitheach diúscairt na maoine a coigistíodh a shiarchoinneáil go dtí go ndéanfar an fhaisnéis faoin gcinneadh maidir le maoín a aiseag leis an íospartach, nó cúiteamh a íoc leis an íospartach, a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach, fiú i gcásanna inar forghníomhaíodh an t-ordú coigistíochta cheana.*

6. *Gan dochar do mhír 1 go mír 5, déanfar maoin nach airgead, a fuarthas mar thoradh fhorghníomhú an ordaithe coigistíochta, a dhiúscairt i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:*
- (a) féadfar an mhaoin a dhíol, agus sa chás sin, déanfar fáltais an díola a dhiúscairt i gcomhréir le mír 7;*
 - (b) féadfar an mhaoin a aistriú chuig an Stát eisiúna ar an gcoinníoll, i gcás ina gcumhdaítear suim airgid leis an ordú coigistíochta go mbeidh a thoiliú tugtha ag an údarás eisiúna go ndéanfar maoin chuig an Stát eisiúna;*
 - (c) faoi réir phointe (d), mura féidir pointe (a) nó pointe (b) a chur i bhfeidhm, féadfar an mhaoin a dhiúscairt ar bhealach eile i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaithigh; nó*
 - (d) féadfar an mhaoin a úsáid chun leas an phobail nó chun críocha sóisialta sa Stát forghníomhaitheach i gcomhréir lena dhlí, faoi réir toiliú an Stáit eisiúna.*

█

7. Mura bhfuil cinneadh chun an mhaoin a aiseag leis an íospartach *nó an t-íospartach a chúiteamh i gcomhréir le mír 1 go mír 5* ag gabháil leis an ordú coigistíochta, nó murar *chomhaontaigh* na Ballstáit lena mbaineann a mhalairt **█**, déanfaidh *an Stát forghníomhaitheach an t-airgead* a fuarthas *mar thoradh ar* fhorghníomhú ordaithe coigistíochta **█** a dhiúscairt mar a leanas:

- (a) i gcás gurb é atá sa mhéid a fuarthas as forghníomhú an ordaithe coigistíochta EUR 10 000 nó gur lú ná EUR 10 000 é, fabhróidh an méid sin chuig an Stát forghníomhaitheach; *nó*
- (b) i gcás gur mó ná EUR 10 000 an méid a fuarthas as forghníomhú an ordaithe coigistíochta, aistreoidh an Stát forghníomhaitheach 50% den mhéid sin chuig an Stát eisiúna.

█

Airteagal 31

Costais

1. ***I gcás gach Ballstáit, is air féin a thitfidh na costais a thioctaidh as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, gan dochar do na forálacha a bhaineann le maoin choigistithe a dhiúscairt, a leagtar amach in Airteagal 28.***
2. ***Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach togra a thíolacadh chuig an údarás eisiúna go ndéanfaí na costais a roinnt i gcás ina ndealróidh sé, roimh ordú caltha nó ordú coigistíochta a fhorghníomhú nó ina dhiaidh sin, go mbeidh costais mhóra nó eisceachtúla i gceist le forghníomhú an ordaithe.***

Maidir le tograí den sórt sin, na ngabfaidh miondealú mionsonraithe ar na costais a thabhaigh an t-údarás forghníomhaitheach. Tar éis togra den sáirt sin, rachaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle le chéile. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Eurojust comhairliúcháin den chineál sin a éascú.

Déanfar na comhairliúcháin, nó an toradh orthu sin ar a laghad a thairfeadh, trí mheán ar bith lena bhfeidhm a scríobh i scríbhinn a sholáthar.

Airteagal 32

Oibleagáid na daoine dá ndéantar difear a chur ar an eolas

- 1. Gan dochar d'Airteagal 11, tar éis ordú caltha a fhorghníomhú agus tar éis an chinnidh ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach a mhéid is féidir, na daoine dá ndéantar difear ar an eolas faoin bhforghníomhú sin agus faoi chinneadh mar sin gan mhoill, i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoina dhlí náisiunta.*
- 2. Sonrófar an t-údarás a d'eisigh an t-ordú agus na leigheasanna atá ar fáil faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh san fhaisnéis a chuirfear ar fáil i gcomhréir le mír 1. Sonrófar san fhaisnéis sin freisin, ar a laghad go hachomair, na cúiseanna atá leis an ordú.*
- 3. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cúnamh a iarraidh ar an údarás eisiúna chun na tascanna dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh.*

Airteagal 33

Leigheasanna dlí sa Stát forghníomhaitheach i gcoinne aithint agus forghníomhú *ordaithe caltha* *nó ordaithe coigistíochta*

1. Beidh *ceart* chun leigheasanna éifeachtacha dlí ag *daoine dá ndéantar difear sa Stát forghníomhaitheach* i gcoinne *an chinnidh* maidir le *horduithe* caltha a aithint de bhun *Airteagal 7* nó le horduithe coigistíochta a fhorghníomhú de bhun *Airteagal 18*. Agrófar *an ceart chun* leigheas dlí os comhair cúirte sa Stát *forghníomhaitheach* i gcomhréir lena dhlí. *A mhéid a bhaineann le horduithe coigistíochta*, féadfaidh éifeacht fionraíochta a bheith ag an gcaingean *i gcás ina bhforáiltear dó sin* faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.
2. Ní dhéanfar agóid i gcoinne na gcúiseanna substainteacha maidir leis an ordú caltha nó leis an ordú coigistíochta a eisiúint os comhair cúirt de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh.
3. Cuirfear údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas faoi aon leigheas dlí arna agairt i gcomhréir le mír *1*.

4. *Ní dochar an tAirteagal seo do chur chun feidhme cosaintí agus leigheasanna dlí sa Stát eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2014/42/AE.*

Airteagal 34

Aisíocaíocht

1. I gcás ina bhfuil dliteanas ar an Stát forghníomhaitheach faoina dhlí féin as díobháil **■** do dhuine *dá ndéantar difear mar gheall ar fhorghníomhú ordaithe* calctha nó ordaithe coigistíochta a tarchuireadh chuige de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 14, aisíocfaidh an Stát eisiúna aon *damáistí a d'íoc an Stát forghníomhaitheach leis an duine dá ndéantar difear. I gcás, áfach, inar féidir leis an Stát eisiúna a léiriú don Stát forghníomhaitheach go raibh an díobháil sin*, nó aon chuid di, mar thoradh ar iompair an Stáit fhorghníomhaithigh, agus air sin amháin, *déanfaidh an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach a mbeidh le haisíoc a chomhaontú eatarthu.*
2. Ní dochar mír 1 do dhlí na mBallstát maidir le héilimh ó dhaoine nádúrtha nó ó dhaoine dlítheanacha le haghaidh cúiteamh *i leith* damáiste.

CAIBIDIL V
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 35

Staitisticí

- Déanfaidh na Ballstáit staidreamh cuimsitheach a bhailiú go rialta ó na húdaráis ábhartha. Déanfaidh siad an staidreamh sin a choinneáil ar bun, *agus cuirfidh siad* chuig an gCoimisiún é gach bliain. Chomh maith leis *an bhfaisnéis dá* dtagraítear in Airteagal 11(2) de Threoir 2014/42/AE, *áireofar ar an staidreamh sin líon na n-orduithe calctha agus na n-orduithe coigistíochta a fuair Ballstát ó Bhallstáit eile ar orduithe iad a aithníodh agus a forghníomhaíodh, agus ar orduithe iad ar diúltaíodh iad a aithint nó a fhorghníomhú* ■.

2. *Gach bliain, cuirfidh na Ballstáit an staidreamh seo a leanas chuig an gCoimisiún freisin, ach sin a bheith ar fáil ar leibhéal lárnach sa Bhallstáit lena mbaineann:*

- (a) líon na gcásanna ina ndearnadh íospartach a chúiteamh nó *a ndearnadh aiseag* leis nó léi mar gheall ar an maoin a fuarthas trí ordú coigistíochta a fhorghníomhú *faoin* Rialachán seo; *agus*
- (b) an mheánthréimhse i leith orduithe calctha agus *orduithe* coigistíochta a fhorghníomhú *faoin* Rialachán seo.

Airteagal 36

Leasuithe ar an deimhniú agus ar an bhfoirm

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhaíochtaí tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 maidir le leasú ar bith ar na *deimhnithe* a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II. *Beidh leasuithe den chineál sin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus ní dhéanfaidh siad difear dó.*

Airteagal 37

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an **■** chumhacht *chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear* in Airteagal 10(36) a thabhairt *don Choimisiún* go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón ... *[dáta* chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na *cumhachta* dá dtagraítear in Airteagal 36 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun *cúlghairm* a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé *difear* do bhailíocht *aon* ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. *Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.*
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 36 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse *dhá* mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad féin aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú *dhá* mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 38

Tuairisciú agus athbhreithniú

Faoin [cúig bliana i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], *agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin*, tiolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *lena n-áirítear an méid seo a leanas:*

- (a) *an deis a bheith ag na Ballstáit dearbhuithe a dhéanamh agus a tharraingt siar faoi Airteagal 4(2) agus Airteagal 14(2);*
- (b) *an idirghníomhaíocht idir urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta;*
- (c) *cur i bhfeidhm Airteagal 28, Airteagal 29 agus Airteagal 30 maidir le maoin choigistithe a bhainistiú agus a dhiúscairt, agus maidir leis an maoin a aiseag leis na híospartaigh agus na híospartaigh a chúiteamh.*

Airteagal 39

Cur in ionad

Gabhann an Rialachán seo ionad fhorálacha *Chinneadh Réime 2003/577/CGB* maidir le maoin a chalcadh idir na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo ón ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Gabhann an Rialachán seo ionad *Chinneadh Réime 2006/783/CGB* idir na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo ón ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

I ndáil leis na Ballstáit atá faoi cheangal an Rialacháin seo, déanfar tagairtí do *Chinneadh Réime 2003/577/CGB* maidir le maoin a chalcadh idir na Ballstáit agus tagairtí do *Chinneadh Réime 2006/783.CGB* a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 40

Forálacha idirthréimhseacha

- 1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le deimhnithe calctha agus deimhnithe coigistíochta arna dtarchur ar an... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] nó ina dhiaidh sin.*
- 2. Leanfar de dheimhnithe calctha agus le deimhnithe coigistíochta a tarchuireadh roimh an... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] a rialú le Cinneadh Réime 2003/577/CGB agus le Cinneadh Réime 2006/783/CGB tar éis an dáta sin, idir na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo go dtí go ndéanfar an t-ordú calctha nó an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú go críochnaitheach.*

Airteagal 41

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag Airteagal 24, *áfach*, ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin *seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I
DEIMHNIÚ *CALCTHA*



ROINN A:

An Stát eisiúna:

Údarás eisiúna:

An t-údarás bailíochtaithe (más infheidhme):

Stát forghníomhaitheach:

An t-údarás forghníomhaitheach (más eol):

ROINN B: *Práinn agus/nó an dáta iarrtha maidir le forghníomhú*



1. *Léirigh na forais ar leith a bhfuil práinn leo:*

Tá forais dhlísteanacha lena chreidiúint go ndéanfar an mhaoin atá i gceist a aistriú nó a scriosadh, eadhon:

Riachtanais imscrúdaitheacha nó riachtanais nós imeachta sa Stát eisiúna, eadhon:

.....
.....

2. *An dáta maidir le forghníomhú:*

Iarrtar dáta sonrach, eadhon:

Comhordú de dhíth idir na Ballstáit lena mbaineann

Forais leis an iarraidh seo:

.....
.....

ROINN C: *An duine (Na daoine) dá ndéantar difear*

Céannacht an duine/na ndaoine ar ina c(h)oinne/ina gcoinne a eisíodh an t-ordú caltha, nó an duine/na ndaoine ar leis, léi nó leo an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú caltha (má dhéantar difear do níos mó ná duine amháin, cuir faisnéis ar fáil faoi gach duine ar leith):

1. Sonraí aitheantais

(i) I gcás duine nádúrtha/daoine nádúrtha

Sloinne:

Ainm(neacha).....

Ainm(neacha) ábhartha eile, más infheidhme:.....

Ailiasanna, más infheidhme.....

Inscne:

Náisiúntacht:.....

Uimhir aitheantais nó uimhir slándála sóisialaí, má tá sí ar fáil:.....

Cineál nó uimhir an doiciméid/na ndoiciméad aitheantais (cárta aitheantais nó pas), má tá sé/siad ar fáil:

.....

Dáta breithe:.....

Áit bhreithe:.....

Áit chónaithe agus/nó an seoladh atá ar eolas (mura bhfuil an seoladh ar eolas, an seoladh deiridh atá ar eolas):

.....

Teanga(cha) a thuigeann an duine dá ndéantar difear.....

Sonraigh gairm an duine dá ndéantar difear sna himeachtaí:

- an duine ar ina choinne nó ina coinne a dhírítear an t-ordú caltha*
- an duine ar leis nó léi an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú caltha*

(ii) I gcás duine dlítheanach/daoine dlítheanacha

Ainm:

Foirm dhlíthiúil:.....

Ainm giorraithe, ainm a úsáidtear go coitianta nó ainm trádála, más infheidhme:

Oifig chláraithe:.....

Uimhir chláraithe:.....

Seoladh:.....

Ainm

an ionadaí:.....

Sonraigh gairm an duine dá ndéantar difear sna himeachtaí:

- an duine ar ina choinne nó ina coinne a dhírítear an t-ordú calctha*
- an duine ar leis nó léi an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú calctha*

2. I gcás ina bhfuil sé éagsúil ón seoladh thuas, tabhair an suíomh ina bhfuil an t-ordú calctha le forghníomhú, le do thoil:

.....

3. Tríú páirtithe a ndéanann an t-ordú clactha difear díreach dá gcearta i ndáil leis an maoin atá cumhdaithe ag an ordú (céannacht agus forais):

.....

.....

4. Déan aon fhaisnéis eile a sholáthar a chuideoidh le forghníomhú an ordaithe calctha:

.....

█

ROINN D: Faisnéis faoin maoin lena mbaineann an t-ordú

1. *Léirigh, le do thoil*, má bhaineann an t-ordú le:

- suim airgid
- mír shonrach/míreanna sonracha maoiné (*corprach nó neamhchorprach, sochorraithe nó dochorraithe*)
- maoin *ar luach coibhéiseach (i gcomhthéacs coigistithe bunaithe ar luach)* ■

2. Má bhaineann an t-ordú le suim airgid nó *le maoin ar luach coibhéiseach leis an suim airgid sin*:

An méid i gcomhair forghníomhú sa Stát forghníomhaitheach ■, i bhfigiúirí agus i bhfocail (*sonraigh an t-airgeadra*):

An méid iomlán a chumhdaítear leis an ordú, i bhfigiúirí agus i bhfocail (*sonraigh an t-airgeadra*):

.....

Faisnéis *bhreise*:

- Forais lena chreidiúint go bhfuil maoin/ioncam ag an duine dá ndéantar difear sa Stát forghníomhaitheach:

.....

- Cur síos ar mhaoin/ar fhoirse ioncaim an duine dá ndéantar difear (nuair is féidir sin a dhéanamh):

.....

- Suíomh beacht mhaoin/fhoirse ioncaim an duine dá ndéantar difear (mura bhfuil sé sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas):

.....

Mionsonraí chuntas bainc an duine dá ndéantar difear (más eol):

3. ***Má bhaineann an t-ordú le mhír shonrach/míreanna sonracha maoiné nó le maoin ar luach coibhéiseach leis an maoin sin:***

.....

Na forais atá leis ***an ordú a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach:***

- go bhfuil an mhír mhaoine/na míreanna maoiné faoi leith suite sa Stát forghníomhaitheach***
- go bhfuil an mhír shonrach/na míreanna sonracha maoiné faoi leith cláraithe sa Stát forghníomhaitheach***
- go bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna lena chreidiúint go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoiné ar fad a chumhdaítear leis an ordú nó cuid di/díobh suite sa Stát forghníomhaitheach.

Faisnéis ***bhreise:***

-Na forais lena chreidiúint go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoiné suite sa Stát forghníomhaitheach:

.....

- Cur síos ar an mír mhaoiné **■** :

.....

- Suíomh na míre maoine (mura bhfuil sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas):

.....

■

Aon **■** *fhaisnéis* ábhartha *eile*: (mar shampla, ceapachán riarthóra bhreithiúnaigh)

.....

■

ROINN E: Na forais chun an t-ordú calctha a eisiúint

1. Achoimre ar na forais

Leag amach na cúiseanna atá leis an ordú calctha a eisiúint, lena n-áirítear:

- achoimre ar na forais, lena n-áirítear cur síos ar an gcion coiriúil/na cionta coiriúla:

.....
.....

- an chéim atá sroichte san imscrúdú:

.....
.....

- forais le calcadh:

.....
.....

- aon fhaisnéis ábhartha eile:

.....
.....

2. *Cineál agus rangú dlí an chiona/na gcionta ar eisíodh an t-ordú caltha ina leith agus an fhoráil dlína forálacha dlí is infheidhme:*

.....
.....

3. *An pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála darb uasmhéid trí bliana, ar a laghad, an pionós a ghearrtar sa Stát eisiúna as an gcion coiriúil a n-eisítear an t-ordú caltha ina leith, agus an áirítear an cion coiriúil sin sa liosta cionta a leagtar amach thíos? (cuir tic sa bhosca ábhartha, le do thoil). I gcás ina mbaineann an t-ordú caltha le roinnt cionta coiriúla, léirigh na huimhreacha i liosta na gcionta coiriúla thíos (a chomhfhreagraíonn do na cionta a ndéantar cur síos orthu faoi phointí 1 agus 2 thuas).*

rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil

sceimhlitheoireacht

gáinneáil ar dhaoine

- *teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí*
- *gáinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha,*
- *gáinneáil aindleathach ar airm, lón cogaidh agus pléascáin*
- *éilliú*
- *calaois, lena n-áirítear calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2017/1371*
- *sciúradh fáltas ón gcoiriúlacht*
- *góchumadh airgeadra, lena n-áirítear an euro*
- *coireacht atá bainteach le ríomhaireacht*

- coireacht chomhshaoil, lena n-áirítear gáinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe atá faoi bhagairt agus ar speicis plandaí agus cineálacha plandaí atá faoi bhagairt*
- teacht isteach agus cónaí neamhúdaraithe a éascú*
- an dúnmharú nó an mhórdhiobháil choirp*
- trádáil neamhdhleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine*
- fuadach, srianadh neamhdhlíthiúil nó gabháil giall*
- ciníochas agus seineafóibe*
- robáil eagraithe nó armtha*
- gáinneáil aindleathach ar earraí cultúir, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne*
- caimiléireacht*

- ambheartaíocht agus sracaireacht*
- góchumadh agus píoráideacht táirgí*
- brionnú doiciméad riaracháin agus gáinneáil orthu*
- brionnú modhanna íocaíochta neamhairgid*
- gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí fáis eile*
- gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha*
- gáinneáil ar fheithiclí goidte*
- éigniú*
- coirloscadh*
- coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta*

urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/long

sabaitéireacht

I

4. *Aon fhaisnéis ábhartha eile (e.g. an gaol idir an mhaoin agus an cion coiriúil):*

.....

ROINN F: *Rúndacht* an ordaithe *agus/nó iarraidh ar fhoirmiúlachtaí sonracha*

An gá atá leis an bhfaisnéis atá san ordú a choinneáil faoi rún tar éis forghníomhú:

.....

☐ *An gá atá le foirmiúlachtaí sonracha tráth a ndéantar forghníomhú:*

.....

ROINN G: I gcás ina ndearnadh *deimhniú caltha* a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin, déan an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

1. Rinneadh *deimhniú caltha* a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach/na Stáit fhorghníomhaitheacha eile seo a leanas (Stát agus údarás):

.....

.....

2. Rinneadh *deimhniú caltha* a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin ar na cúiseanna seo a leanas ■ :

I gcás ina mbaineann an t-ordú caltha le míreanna sonracha maoinne:

- Creidtear go bhfuil míreanna maoinne éagsúla a chumhdaítear faoin ordú suite i stáit fhorghníomhaitheacha éagsúla ■
- Teastaíonn gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin le mír mhaoine faoi leith *a chalcadh* ■

■ I gcás ina mbaineann an t-ordú caltha le suim airgid:

- Ní dócha go mbeidh luach measta na maoinne a d'fhéadfaí *a chalcadh* ■ sa Stát eisiúna agus in aon Stát forghníomhaitheach amháin leordhóthanach chun an méid iomlán a chumhdaítear leis an ordú a chalcadh.

Riachtanais shonracha eile

.....

3. *Luach na sócmhainní, más eol, i ngach Stát forghníomhaitheach:*

.....

.....

4. *I gcás ina gceanglaítear gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin le mír shonrach mhaoine/ míreanna sonracha maoinne a chalcadh, cur síos ar an ngníomhaíocht atá le déanamh sa Stát forghníomhaitheach:*

.....

.....

ROINN H: An gaol le hordú calctha agus/nó le hordú/le horduithe nó iarraidh/iarrataí eile a rinneadh roimhe seo

Léirigh pé acu an mbaineann nó nach mbaineann an t-ordú calctha seo le hordú calctha a rinneadh roimhe seo (e.g. ordú calctha, ordú imscrúdaithe Eorpach, barántas gabhála Eorpach, nó cúnamh dlíthiúil frithpháirteach). Más infheidhme, tabhair an fhaisnéis seo a leanas atá ábhartha chun an t-ordú nó an iarraidh roimhe seo a shainiú:

- *Cineál an orduithe/na hiarrata:.....*

- *Dáta eisiúna:.....*

- *An t-údarás ar tarchuireadh an t-ordú/an iarraidh chuige:.....*

- *An uimhir thagartha a thug an t-údarás eisiúna:.....*

- *an uimhir thagartha/na huimhreacha tagartha a thug an t-údarás forghníomhaitheach/na húdaráis forghníomhaitheacha:*

ROINN I: Coigistiú

Cuir an méid seo in iúl:

- an bhfuil deimhniú coigistíochta ag gabháil leis an deimhniú calctha seo, a eisíodh sa Stát eisiúna, a fhorghníomhú (uimhir thagartha an deimhniithe coigistíochta):***
.....
- an bhfanfaidh an mhaoin calctha sa Stát forghníomhaitheach go dtí go dtarchuirfear agus go bhforghníomhófar an t-ordú coigistíochta (dáta measta maidir leis an deimhniú coigistíochta a thíolacadh, más féidir):***

.....

ROINN J: Bearta malartacha

1. Sonraigh pé acu an ligeann nó nach ligeann an Stát eisiúna don Stát forghníomhaitheach bearta malartacha a chur i bhfeidhm i gcás nach féidir an t-ordú caeitha a fhorghníomhú, bíodh sé sin ina iomláine nó i bpáirt:

Eisíodh

Níor eisíodh

2. Má ligeann, léirigh na bearta d'fhéadfadh a bheith infheidhme:

.....

ROINN K: MAOIN CHALCTHA A AISEAG

1. Léirigh ar eisíodh cinneadh go ndéanfaí maoin chalctha a aiseag leis an íospartach:

- Eisíodh**
- Níor eisíodh**

Má eisíodh, sonraigh an méid seo a leanas maidir leis an gcinneadh maoin chalctha a aiseag leis an íospartach:

An t-údarás a d'eisigh an cinneadh (ainm oifigiúil):

.....

Dáta an chinnidh:

Uimhir thagartha an chinnidh (má tá sí ar fáil):

Cur síos ar an maoin atá le haiseag:

Ainm an íospartaigh:

Seoladh an íospartaigh:

Má chonspóidtear an teideal atá ag an íospartach chun na maoine, tabhair sonraí (cé na daoine a chonspóideann an teideal, na cúiseanna, srl.):

.....
.....

Dá bhféadfaí dochar a dhéanamh do chearta daoine dá ndéantar difear mar thoradh ar an aiseag, tabhair sonraí (cé na daoine dá ndéantar difear, na cearta a bhféadfaí dochar a dhéanamh dóibh, na cúiseanna, etc.):

.....
.....

2. An bhfuil éileamh ar mhaoin chalctha a aiseag leis an íospartach ar feitheamh sa Stát eisiúna?

- Nil*
- Tá, cuirfeadh an toradh in iúl don údarás forghníomhaitheach*

Tabharfar fógra don údarás eisiúna i gcás ina ndéanfar aistriú díreach chuig an íospartach.

ROINN L: Leigheasanna dlí

An t-údarás sa Stát eisiúna ar féidir leis breis faisnéise a sholáthar maidir le nósanna imeachta chun leigheasanna dlí a lorg sa Stát eisiúna agus faisnéis faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cúnamh dlí, ateangaireacht agus aistriúchán ar fáil:

An t-údarás eisiúna, (féach Roinn M)

An t-údarás bailíochtaithe, (féach Roinn N)

Eile:.....

ROINN M: Sonraí an údaráis eisiúna

An cineál údaráis eisiúna:

- breitheamh, cúirt, ionchúisitheoir poiblí**
- údarás inniúil eile arna ainmniú ag an Stát eisiúna**

Ainm an údaráis:.....

Ainm an teagmhálaithe:.....

Post (teideal/grad) :.....

Uimhir an Chomhaid:

Seoladh:

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):.....

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):.....

R-phost:.....

Na teangacha inar féidir cumarsáid a dhéanamh leis an údarás eisiúna:.....

Murab ionann iad agus a bhfuil thuas, sonraí teagmhála an duine/na ndaoine lenar féidir teagmháil a dhéanamh chun tuilleadh faisnéise a fháil nó socrúithe praiticiúla a dhéanamh maidir le forghníomhú an ordaithe:

Ainm/Teideal/Eagraíocht:.....

Seoladh:

R-phost/Uimhir Theileafóin:.....

Síniú an údaráis eisiúna agus/nó a ionadaí ag deimhniú go bhfuil ábhar an deimhnithe caltha cruinn agus ceart:.....

Ainm:.....

An post a shealbhaítear (teideal/grád):.....

Dáta:.....

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil):.....

ROINN N: Sonraí an údaráis a bhailíochnaigh an t-ordú caltha

Léirigh, le do thoil, an cineál údaráis a bhailíochnaigh an t-ordú caltha (más infheidhme):

- breitheamh nó cúirt**
- ionchúisitheoir poiblí**

Ainm an údaráis bailíochnaithe:.....

Ainm an teagmhálaithe:.....

An post a shealbhaítear (teideal/grád):.....

Uimhir an chomhaid:

Seoladh:.....

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):.....

Uimhir Facs (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):.....

R-phost:

Na teangacha inar féidir cumarsáid a dhéanamh leis an údarás bailíochtaithe:

Léirigh, le do thoil, an príomhphointe teagmhála don údarás forghníomhaitheach:

an t-údarás eisiúna

an t-údarás bailíochtaithe

Síniú agus sonraí an údaráis bailíochtaithe agus/nó a ionadaí:

Ainm:.....

An post a shealbhaítear (teideal/grád):.....

Dáta:.....

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil):.....

ROINN O: Údarás lárnach I gcás inar cuireadh tarchur agus glacadh riarthach deimhnithe caltha mar fhreagracht ar údarás lárnach sa Stát eisiúna, léirigh, le do thoil, an méid seo a leanas:

Ainm an údaráis lárnaigh:

Duine teagmhála:

An post a shealbhaítear (teideal/grád):

Uimhir an chomhaid:.....

Seoladh:.....

Tagairt an chomhaid:

Uimhir Theileafóin (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):

Uimhir Facs (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):

R-phost:

.....

ROINN P: Ceangaltáin

Sonraigh, le do thoil, aon cheangaltáin atá ag gabháil leis an deimhniú:.....

Iarscríbhinn II

DEIMHNIÚ COIGISTÍOCHTA

ROINN A:

An Stát eisiúna:

Údarás eisiúna:

Stát forghníomhaitheach:

An t-údarás forghníomhaitheach (más eol):

.....

ROINN B: Ordú coigistíochta

1. *An chúirt a d'eisigh an t-ordú coigistíochta (ainm oifigiúil):*.....

2. *Uimhir thagartha an ordaithe coigistíochta (má tá sí ar fáil):*.....

3. *Eisíodh an t-ordú coigistíochta an (dáta):*.....

4. *Rinneadh ordú críochnaitheach den ordú coigistíochta an (dáta):*

ROINN C: Duine (Daoine) dá ndéantar difear

Céannacht an duine/na ndaoine ar ina c(h)oinne/ina gcoinne a eisíodh an t-ordú coigistíochta, nó an duine/na ndaoine ar leis, léi nó leo an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú caltha (má dhéantar difear do níos mó ná duine amháin, cuir faisnéis ar fáil faoi gach duine ar leith):

1. Sonraí aitheantais

(i) I gcás duine nádúrtha/daoine nádúrtha

Ainm:.....

Ainm(neacha):.....

Ainm(neacha) ábhartha eile, más infheidhme:.....

Ailiasanna, más infheidhme:.....

Inscne:

Náisiúntacht:.....

Uimhir aitheantais nó uimhir slándála sóisialaí, *má tá sí ar fáil*:.....

Cineál nó uimhir an doiciméid/na ndoiciméad aitheantais (cárta aitheantais, pas), má tá sé/siad ar fáil:

.....

Dáta breithe:.....

Áit bhreithe:.....

Áit chónaithe agus/nó an seoladh atá ar eolas; mura bhfuil an seoladh ar eolas, sonraigh an seoladh deiridh atá ar eolas:

.....

Teanga(cha) a thuigeann an duine dá ndéantar difear :

Sonraigh seasamh an duine dá ndéantar difear sna himeachtaí:

an duine ar ina choinne nó ina coinne a dhírítear an t-ordú coigistíochta

an duine ar leis nó leí an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú coigistíochta

(ii) I gcás duine dlítheanach/daoine dlítheanacha

Ainm:

Foirm dhlíthiúil:.....

Ainm giorraithe, ainm a úsáidtear go coitianta nó ainm trádála, más infheidhme:

Oifig chláraithe:.....

Uimhir chláraithe:.....

Seoladh ■:.....

Ainm ■ an ionadaí:.....

Sonraigh, le do thoil, seasamh an duine **da ndéantar difear** sna himeachtaí:

- an duine ar ina choinne nó ina coinne a dhírítear an t-ordú coigistíochta*
- an duine ar leis nó léi an mhaoin a chumhdaítear leis an ordú coigistíochta*

2. I gcás ina bhfuil sé éagsúil ón seoladh thuas, tabhair an suíomh ina bhfuil an t-ordú coigistíochta le forghníomhú, le do thoil

.....

3. *Tríú páirtithe a ndéanann an t-ordú coigistíochta dochar díreach dá gcearta i ndáil leis an maoin a chumhdaítear leis an ordú (céannacht agus forais):*

.....

.....

4. Déan aon fhaisnéis eile a sholáthar a chuideoidh le forghníomhú an ordaithe coigistíochta:

.....

ROINN D: Faisnéis faoin *maoin lena mbaineann* an t-ordú

1. Chinn an chúirt, maidir leis an maoin:

- gur fáiltas ó chion choiriúil, nó a choibhéis, atá inti, bíodh luach iomlán na bhfáltas nó cuid den luach sin i gceist*
- gurb é atá inti ionstraimeachtaí cionta coiriúla den sórt sin, nó luach ionstraimeachtaí den sórt sin*
- go bhfuil an mhaoin faoi réir coigistíochta mar thoradh ar aon cheann de na cumhachtaí coigistíochta dá bhforáiltear i dTreoir 2014/42/AE a chur i bhfeidhm sa Stát eisiúna (lena n-áirítear coigistiú leathnaithe)*
- go bhfuil an mhaoin faoi réir coigistíochta faoi aon fhorálacha eile a bhaineann le cumhachtaí coigistíochta, lena n-áirítear coigistiú gan ciontú críochnaitheach, faoi dhlí an Stáit eisiúna tar éis imeachtaí i ndáil le cion coiriúil*

2. *Léirigh, le do thoil, má bhaineann an t-ordú le:*

suim airgid

mír shonrach/míreanna sonracha maoine (corprach(a) nó neamhchorprach(a), sochorraithe nó dochorraithe)

maoin ar luach coibhéiseach (i gcomhthéacs coigistithe bunaithe ar luach)

3. *Má bhaineann an t-ordú le suim airgid nó le maoin ar luach coibhéiseach leis an tsuim airgid sin:*

- An méid i gcomhair forghníomhú sa Stát forghníomhaitheach, i bhfigiúirí agus i bhfocail

(sonraigh an t-airgeadra):

- An méid iomlán a chumhdaítear leis an ordú, i bhfigiúirí agus i bhfocail

(sonraigh an t-airgeadra):

Faisnéis bhreise:

- Forais lena chreidiúint go bhfuil maoin/ioncam ag an duine dá ndéantar difear sa Stát eisiúna:

.....

- Cur síos ar mhaoín/ar fhoínse ioncaim an duine dá ndéantar difear (nuair is féidir sin a dhéanamh):

.....

- Suíomh beacht mhaoín/fhoínse ioncaim an duine dá ndéantar difear (mura bhfuil sé sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas):

- Mionsonraí cuntais bainc an duine dá ndéantar difear (más eol):

4. Má bhaineann an t-ordú le mír shonrach/míreanna sonracha maoiné nó le maoin ar luach coibhéiseach leis an maoin sin:

Forais leis an ordú a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach:

(a) go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoine suite sa Stát forghníomhaitheach

(b) go bhfuil an mhír shonrach/na míreanna sonracha maoine faoi leith cláraithe sa Stát forghníomhaitheach

(c) go bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna a chreidiúint go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoine ar fad a chumhdaítear leis an ordú nó cuid di/díobh suite sa Stát forghníomhaitheach.

Faisnéis bhreise:

- Na forais lena chreidiúint go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha
maoine suite sa Stát forghníomhaitheach:

.....

.....

- *- Cur síos ar an mír mhaoine*

.....

Suíomh na míre maoine (mura bhfuil sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas):

.....

Aon fhaisnéis ábhartha eile (e.g. ceapachán riarthóra bhreithiúnaigh):

.....

5. Faisnéis maidir le tiontú agus aistriú maoine

Má bhaineann an t-ordú le mír shonrach mhaoine, sonraigh an bhforáiltear nó nach bhforáiltear faoi dhlí an Stáit eisiúna gur féidir leis an gcoigistiú sa Stát forghníomhaitheach a chur i gcrích trí choigistiú suime airgid a bheidh cothrom le luach na maoine a bheidh le coigistiú:

Foráiltear

Ní fhoráiltear

ROINN E: Ordú caltha

Léirigh le do thoil, cé acu:

an bhfuil ordú caltha ag gabháil leis an ordú coigistíochta a eisíodh sa Stát eisiúna (uimhir thagartha an deimhnithe caltha):

.....

an ndearnadh an mhaoin a chalcadh i gcomhréir le hordú caltha roimhe seo a tarchuireadh chuig an Stát forghníomhaitheach

- dáta eisiúna an ordaithe caltha:.....

- dáta tarchurtha an ordaithe caltha:

- an t-údarás chuig ar tarchuireadh é:.....

- an uimhir thagartha a thug an t-údarás eisiúna:

- an uimhir thagartha a thug na húdaráis eisiúna:

ROINN F: Forais chun an t-ordú coigistíochta a eisiúnt

1. Soláthraigh achoimre ar na fíorais **agus** na cúiseanna atá leis an ordú coigistíochta a eisiúint, lena n-áirítear **■** cur síos ar **an gcion** coiriúil /**na cionta** coiriúla **agus** faisnéis ábhartha eile:
.....
2. Cineál agus rangú dlí an chiona choiriúil/na gcionta coiriúla **ar** eisíodh an t-ordú calettha **ina leith** agus an fhoráil dlí/na forálacha dlí is infheidhme:
.....
3. An pianbhreith choimeádta darb uasmhéid trí bliana, ar a laghad, an pionós a ghearrtar sa Stát eisiúna as an gcion coiriúil a n-eisítear an t-ordú coigistíochta **ina leith**, ar pionós é sin agus an áirítear an cion sin sa liosta cionta coiriúla a leagtar amach thíos? (cuir tic sa bhosca ábhartha, le do thoil). ***I gcás ina mbaineann an t-ordú coigistíochta le roinnt cionta coiriúla, cuir uimhreacha i liosta na gcionta coiriúla thíos (a chomhfhreagraíonn do na cionta coiriúla a ndéantar cur síos orthu faoi phointí 1 agus 2 thuas).***

- rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil
- sceimhlitheoireacht
- gáinneáil ar dhaoine
- teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí
- gáinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha
- gáinneáil aindleathach ar airm, lón cogaidh agus pléascáin
- éilliú
- calaois, lena n-áirítear *calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2017/1371*

- sciúradh fáltas ón gcoiriúlacht
- góchumadh airgeadra, lena n-áirítear an euro
- coireacht atá bainteach le ríomhaireacht
- coireacht chomhshaoil, lena n-áirítear gáinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe atá faoi bhagairt agus ar speicis plandaí agus cineálacha plandaí atá faoi bhagairt
- teacht isteach agus cónaí neamhúdairithe a éascú
- dúnmharú, mórdhíobháil choirp
- trádáil neamhdhleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine
- fuadach, srianadh neamhdhlíthiúil agus gabháil giall
- ciníochas agus seineafóibe

- robáil eagraithe nó armtha
- gáinneáil aindleathach ar earraí cultúir, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne
- caimiléireacht
- cambheartaíocht agus sracaireacht
- góchumadh agus píoráideacht táirgí
- brionnú doiciméad riaracháin agus gáinneáil orthu
- brionnú modhanna fócaíochta neamhairgid
- gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí fáis eile
- gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha
- gáinneáil ar fheithiclí goidte

- éigniú
- coirloscadh
- coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta
- urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/long
- sabaitéireacht

4. *Aon fhaisnéis ábhartha eile (e.g. an gaol idir an mhaoin agus an cion coiriúil)*

ROINN G: *I gcás ina ndearnadh an deimhniú coigistíochta a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin, déan an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:*

- 1. *Rinneadh an deimhniú a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach/na Stáit fhorghníomhaitheacha eile seo a leanas (Stát agus údarás):***
- 2. *Rinneadh an deimhniú coigistíochta a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin ar na cúiseanna seo a leanas:***

I gcás ina mbaineann an t-ordú coigistíochta le míreanna sonracha maoinne:

- Creidtear go bhfuil míreanna maoinne éagsúla a chumhdaítear faoin ordú suite i mIstáit fhorghníomhaitheacha éagsúla*
- Teastaíonn gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin chun mír shonrach mhaoine a choigistiú*

I gcás ina mbaineann an t-ordú coigistíochta le suim airgid:

- Níor calcadh an mhaoin lena mbaineann faoi Rialachán (AE) 2018/...⁺*

.....

- Ní dócha gur leor luach na maoinne a d'fhéadfaí a choigistiú sa Stát eisiúna agus in aon Stát forghníomhaitheach amháin chun an méid iomlán a chumhdaítear leis an ordú a choigistiú*

Riachtanais shonracha áirithe :

.....

⁺ OJ: Please insert in the text the number of this Regulation (PE-CONS 38/18 - 2016/0412(COD)).

3. *Luach na sócmhainní, más eol, i ngach Stát forghníomhaitheach:*

.....

.....

4. *I gcás ina gceanglaítear gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin le mír shonrach mhaoine/ míreanna sonracha maoine a choigistiú, cur síos ar an ngníomhaíocht atá le déanamh sa Stát forghníomhaitheach:*

.....

ROINN H: Imeachtaí a raibh an t-ordú coigistíochta mar thoradh orthu

Léirigh, le do thoil, an raibh an duine, ar ina choinne nó ina coinne a eisíodh an t-ordú coigistíochta, i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an t-ordú coigistíochta a bhaineann le ciontú críochnaitheach mar thoradh uirthi:

1. Bhí an duine i láthair go pearsanta ag an triail.

2. Ní raibh an duine i láthair go pearsanta ag an triail ■
3. *Níor tionóladh aon éisteachtaí, i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nós imeachta.*
4. Má chuir tú tic sa bhosca faoi phointe 2, deimhnigh gur ann do cheann amháin díobh seo a leanas:
- 4.1a. fuair an duine toghairm go pearsanta ar an ■ (lá/mí/bliain) ... agus ar an dóigh sin cuireadh an dáta sceidealta agus áit na trialach a raibh an t-ordú coigistíochta mar thoradh uirthi in iúl dó agus cuireadh in iúl dó go bhféadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh mura dtiocfadh sé i láthair don triail

NÓ

- 4.1b. ní bhfuair an duine toghairm go pearsanta ach fuair sé faisnéis oifigiúil iarbhír ar bhealaí eile maidir leis an dáta sceidealta agus áit na trialach a raibh an t-ordú coigistíochta mar thoradh uirthi, ar mhodh a chinntigh gan amhras go raibh sé feasach ar an triail sceidealta, agus gur cuireadh in iúl dó go bhféadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh mura dtiocfadh sé i láthair don triail

NÓ

- 4.2. agus é nó í feasach ar an triail sceidealta, thug an duine sainordú do dhlíodóir a cheap an duine lena mbaineann nó a cheap an stát, chun chosaint a thabhairt dó nó di ag an triail, agus is amhlaidh gur thug an dlíodóir sin cosaint dó nó di ag an triail

NÓ

- 4.3. seirbheáladh an t-ordú coigistíochta ar an duine an ■ (lá/mí/bliain) ...agus cuireadh in iúl go sainráite dó nó di go bhfuil ceart atrialach nó achomhairc aige nó aici, ina bhfuil sé de cheart aige nó aici páirt a ghlacadh agus lena gceadaítear tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a scrúdú, agus go bhféadfaí an t-ordú coigistíochta bunaidh a fhreaschur dá bharr, agus
- dúirt an duine lena mbaineann, go sainráite, nach ndéanann sé nó sí an t-ordú coigistíochta a chonspóid

NÓ

- níor iarr an duine go gcuirfí atriail nó achomharc ar bun laistigh den tréimhse ama is infheidhme

5. Má tá tic curtha sa bhosca agat faoi phointí 3.1b, 3.2 nó 3.3, tabhair faisnéis, le do thoil, faoin gcaoi ar comhlíonadh an coinníoll ábhartha:.....

ROINN I: Beartha malartacha, lena n-áirítear smachtbhannaí príosúnachta

1. Sonraigh *pé acu an ligeann nó nach ligeann an Stát eisiúna don Stát forghníomhaitheach beartha malartacha a chur i bhfeidhm i gcás nach féidir an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú, bíodh sé sin ina iomláine nó i bpáirt:*

- Eisíodh*
- Níor eisíodh*

2. *Más ea, luaigh, le do thoil, cad iad na beartha a fhéadfar a chur i bhfeidhm:*

Coimeád (uastréimhse):

.....

Seirbhís pobail (nó a comhionann) (uastréimhse):

.....

Beartais eile (cur síos):

.....

ROINN J: Cinneadh maidir leis an íospartach an mhaoin a aiseag leis an íosparatach nó é nó í a chúiteamh

1. Léirigh, le do thoil, i gcás inarb ábhartha:

Tá cinneadh eisiithe ag údarás eisiúna nó ag údarás inniúil eile de chuid an Stáit eisiúna an t-íospartach a chúiteamh nó a aiseag leis an tsuim airgid seo a leanas:

.....

- Tá cinneadh eisithe ag údarás eisiúna nó ag údarás inniúil eile de chuid an Stáit eisiúna an mhaoin seo a leanas seachas airgead a aiseag don íospartach:*

.....

- Tá imeachtaí maidir le maoin a aiseag leis an íospartach, nó é nó í a chúiteamh, ar feitheamh sa Stát eisiúnahe agus déanfar an toradh a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach*

2. *Sonraí faoin gcinneadh maidir leis an íospartach a aiseag nó a chúiteamh:*

An t-údarás a d'eisigh an cinneadh (ainm oifigiúil).....

Dáta an chinnidh:.....

An dáta a rinneadh cinneadh críochnaitheach de:

Uimhir thagartha an chinnidh (má tá sí ar fáil).....

Cur síos ar an maoin atá le haiseag:

Ainm an íospartaigh:

Seoladh an íospartaigh:

Tabharfar fógra don údarás eisiúna i gcás ina ndéanfar aistriú díreach chuig an íospartach.

ROINN K: Sonraí an údaráis eisiúna

Ainm an údaráis:.....

Ainm an **teagmhálaíthe**:.....

Post (teideal/grád).....

Uimhir an Chomhaid:.....

Seoladh:.....

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):.....

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):.....

R-phost:.....

Na teangacha inar féidir cumarsáid a dhéanamh leis an údarás eisiúna.....

Murab ionann iad agus thuas, sonraí teagmhála an duine/na ndaoine lenar féidir teagmháil a dhéanamh chun tuilleadh faisnéise a fháil nó socruithe praiticiúla a dhéanamh maidir leis an ordú a fhorghníomhú nó an mhaoin a aistiriú:.....

Ainm/Teideal/Eagraíocht:.....

Seoladh:

R-phost/Uimhir Theileafóin i gcomhair Teagmhála:.....

Síniú an údaráis eisiúna agus/nó a ionadaí ag deimhniú go bhfuil ábhar an *deimhnithe coigistíochta* cruinn agus ceart.....

Ainm:.....

Post (teideal/grád):.....

Dáta:

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil):.....

ROINN L: Údarás lárnach

I gcás inar cuireadh tarchur agus glacadh riarthach dearbhuithe coigistíochta mar fhreagracht ar údarás lárnach sa Stát eisiúna, *léirigh, le do thoil, an méid seo a leanas:*

Ainm an údaráis lárnaigh:

Ainm an teagmhálaithe, :.....

Post (teideal/grád agus ainm):.....

Uimhir an chomhaid.....

Seoladh:.....

Uimh. Theileafóin. (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):.....

Uimh. Facs (cód tíre) (cód ceantair/cathrach):

R-phost



ROINN M: *Sonraí íocaíochta an Stáit eisiúna*

I

IBAN:

BIC:

Ainm *an tsealbhóra cuntais bainc:*

ROINN N: *Ceangaltáin*

Sonraigh, le do thoil, *aon cheangaltáin atá ag gabháil leis an deimhniú:*

I
